



CEOL NA SRAITHE SÓISEARAÍ

AG GABHÁIL DON OIDEACHAS SAORÁNACHTA
DOMHANDA

Éigeandáil Aeráide
Coinbhleacht
Teicstílí
Bochtaineacht Bia
Cur Amú Bia
Forbairt Dhaonna
Ocras
Seoltáin
Maireachtáil go Freagrach
Ceart chun Tithíocht atá Leormhaith
Inbhuanaitheacht
Srianta Taistil agus Cosaint

CÉARD ATÁ I gCEIST LEIS AN OIDEACHAS SAORÁNACHTA DOMHANDA?

MEONTA A ATHRÚ

SCILEANNA A FHORBAIRT

CUR LEIS AN EOLAS

Is próiseas oideachasúil é an tOideachas Saoránachta Domhanda (OSD) lena bhféachtar le cur le feasacht agus tuiscint an phobail ar an domhan seo ina gcónaímid, domhan atá ag athrú go tapa agus atá idirspleách agus éagothrom. Le OSD, déantar iarracht daoine a mhealladh chun páirt a ghlacadh san anailís, sa mhachnamh agus sa ghníomhaíocht ina gceantair féin agus ar an leibhéal domhanda. Is éard atá i gceist le OSD ná tacú le daoine ionas go dtuigfidh siad na struchtúir shóisialta, chultúrtha, pholaitiúla agus eacnamaíocha a bhaineann lena saol ar an leibhéal idirnáisiúnta, an leibhéal pearsanta, leibhéal an phobail, agus an leibhéal náisiúnta, agus gníomh a dhéanamh chun na struchtúir sin a athrú ó bhonn.

Príomhghnéithe den Oideachas Saoránachta Domhanda:

- Modhanna atá dírithe ar an bhfoghlaiméir agus ar an rannpháirteachas
- Eolas faoi conas a oibríonn an domhan
- Scileanna maidir le smaointeoireacht chriticiúil, machnamh, réiteach fadhbanna, anailís agus obair foirne
- Luachanna agus meonta na dlúthpháirtíochta, an mheasa agus an chumhachtaíthe
- Gníomh a dhéanamh ar mhaithe le hathrú ionas go mbeidh an domhan níos córa agus níos cothroime

Ní leagtar amach píosaí áirithe ceoil don seomra ranga sa tSonraíocht do Cheol na Sraithe Sóisearaí. Is é nó í an múinteoir ranga a chinneann conas an t-ábhar a mhúineadh do na scoláirí, rud a fhágann go mbíonn deiseanna móra ann do OSD agus go mbíonn an-saoirse ann ó thaobh samplaí ceoil éagsúla a roghnú sa seomra ranga ó lá go lá.

– Shauna Keyes, Múinteoir Ceoil, Scoil Phobail Bhaile an Bhlácaigh

An grianghraf ar an gclúdach tosaigh: Alex, scoláire céad bliana (ag an am) i gColáiste Dhúlaigh, sa Chúló, in éineacht le Michael, a múinteoir ceoil, ag Comhdháil Bhliantúil WWGS 2019 i bPáirc an Chrócaigh, agus *Revolution* le Tracy Chapman á chasadh aici.

Grianghraf ionsuite: Caoimhe Crumlish, Molly Havlin, Lauren Crumlish, Niamh Skelly, Ella McGrory, Áine Gillen, Sophia Whoriskey, Aoibh Falkner, scoláirí Idirbhliana (ag an am) ó Scoil Phobail Bhun an Phobail agus amhrán dá gcuid féin faoi na Spriocanna Domhanda á chasadh acu ag Comhdháil Bhliantúil WWGS 2018 i nGaillimh

AIDHM NA hACMHAINNE SEO

Tá an acmhainn seo beartaithe lena húsáid i seomra ranga ceoil na Sraithe Sóisearaí. Tá sí roinnte ina topaicí agus léirítear le samplaí conas is féidir torthaí foghlama an cheoil sa tSraith Shóisearach a mhúineadh trí lionsa an cheartais dhomhanda. Tá bileoga oibre ginearálta inti ar féidir iad a úsáid le haon topaic agus a ndéantar tagairt dóibh tríd síos. Táthar ag súil, trí mheasúnú criticiúil a dhéanamh ar an gceol a luaitear san acmhainn seo, go bhfaighidh scoláirí eolas agus scileanna agus go bhforbrófar na luachanna agus na meonta chun labhairt amach agus gníomh fiúntach a dhéanamh ionas go mbeidh an domhan níos cothroime agus níos inbhuanaithe. Ba chóir an acmhainn seo a úsáid i gcomhar le hacmhainní eile WWGS, go háirithe an Treoirleabhar do Mhúinteoirí, agus ba chóir cloí leis na treoirphrionsabail atá leagtha amach ag WorldWise Global Schools.

TREOIRPHRIONSABAIL WWGS AGUS AN CEOL

Cur chuige criticiúil

Bealach chun tabhairt faoi chur chuige criticiúil le linn an teagaisc agus na foghlama is ea féachaint chuige go bhfaighidh na scoláirí dearcthaí éagsúla ar an gceol, agus ní díreach dearcadh an Domhain Thiar, ionas go mbeidh an-chuid cineálacha ceoil ag dul i bhfeidhm orthu. Is mór an cúnamh í an Uirlis Dianfhiosraithe chuige sin, agus sibh ag féachaint ar théamaí éagsúla agus ar na rudaí a spreagann daoine éagsúla.

An chastacht a bhaineann le saincheisteanna domhanda

Is bealach iontach é an ceol chun iniúchadh a dhéanamh ar shaincheisteanna casta nach furasta a phlé. Is féidir ceol a úsáid chun saincheisteanna an-chonspóideacha a thuiscint ar bhealach neamhchonspóideach. Bíodh éisteacht nó cumadóireacht i gceist, is féidir leis na scoláirí féachaint ar an gcaoi a dtugann an ceol aghaidh ar cheisteanna nach labhraítear fúthu go hoscailte. Bealach chun tabhairt faoi sin sa seomra ranga is ea féachaint chuige go gcloisfidh na scoláirí cineálacha éagsúla ceoil,

agus ní díreach dearcadh an Domhain Thiar, ionas go mbeidh an-chuid cineálacha ceoil ag dul i bhfeidhm orthu.

Dífhoghlaim agus Atógáil

Ach iniúchadh a dhéanamh ar chineálacha éagsúla ceoil ó gach cearn den domhan, féadfar cur i gcoinne steiréitíopaí. Má cheistítear freagairt an tionscail cheoil ar ghéarchéimeanna, is féidir cuidiú leis na scoláirí dul ó chur chuige carthanachta go cur chuige dlúthpháirtíochta, agus má bhreathnaítear ar an gcaoi a bhfeidhmíonn an tionscal ceoil is féidir aird na scoláirí a dhíriú ar an neamhionannas atá i gceist mar gheall ar an gcóras eacnamaíoch nualibriálach atá i réim.

Cur Chuige Dlúthpháirtíochta

Bíonn dea-rún i gcónaí ag baint le ceol agóide agus dlúthpháirtíochta. Mar sin féin, is minic a thugtar le fios nach bhfuil na daoine a bhfuiltear ag canadh i ndlúthpháirtíocht leo in ann seasamh go stuama ar a son féin. Déan an méid sin a phlé leis na scoláirí agus an Uirlis Dianfhiosraithe á húsáid agaibh chun iniúchadh a dhéanamh ar na hamhráin a roghnóidh sibh.

Ról an tsaoránaigh dhomhanda

Má chuireann scoláirí iad féin in iúl trí amhráin a chumadh ina léirítear dlúthpháirtíocht agus comhbhá le daoine eile agus má bhaineann siad leas as an gceol chun feasacht a mhúscailt agus gníomh a dhéanamh, is féidir leis sin a bheith ina bhealach cumhachtach chun torthaí foghlama a bhaint amach agus dul i bhfeidhm ar an domhan ina ról mar shaoránaigh dhomhanda.

Príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí

Is mór an chosúlacht atá idir na hocht bPríomhscil a leagtar amach sa Chreat don tSraith Shóisearach (2015) agus na scileanna a chothaítear le cur chuige OSD. Dá bhrí sin, cuidíonn OSD leis na príomhscileanna a bhfuil cur síos orthu sa tsonraíocht i gcomhair na sraithe sóisearaí a dtacaítear leo san acmhainn seo.



Fíor 1: Ocht bpríomhscil don tsraith shóisearach agus gnéithe príomhscile a ghabhann leo

OSD AGUS CEOL NA SRAITHE SÓISEARAÍ

Tá an fhoghlaim faoi na healaíona agus trí mheán na n-ealaíon i gcroílár na réasúnaíochta do cheol na sraithe sóisearaí. In Airteagal 27 de Dhearbhú Uile-Choiteann Chearta an Duine, dearbhaítear go bhfuil sé de cheart ag gach duine *‘a bheith rannpháirteach i saol cultúrtha an phobail agus taitneamh a bhaint as na healaíona’* (ROS, Sonraíocht Cheoil na Sraithe Sóisearaí, lch. 4).

Is teanga uilíoch é an ceol agus tá cumhacht ar leith aige chun daoine a thabhairt le chéile. Tá an ceol á úsáid mar uirlis tacaíochta, agóide agus athraithe leis na mílte bliain. Riamh anall, pléadh gach saghas ábhair i liricí ceoil – an éagóir, an bhochtaineacht, an ciníochas agus an éagothroime, mar shampla, agus, le blianta beaga anuas, an comhshaol. Agus muidne ag múineadh, déanaimid ár ndícheall cabhrú le scoláirí labhairt amach agus dul i bhfeidhm ar dhaoine eile, chomh maith le spreagadh a thabhairt dóibh ionas go dtuigfidh siad gur féidir leo féin a bheith ina n-uirlis chun feabhas a chur ar chúrsaí. Dá bhrí sin, trí mhúineadh an cheoil, tá deis ar leith againn cur le feasacht ár scoláirí ar shaincheisteanna domhanda agus seans a thabhairt dóibh a gcuid smaointe agus meonta féin a chur in iúl. *‘Mar iarracht chruthaitheach, is féidir leis an gceol forbairt eispéireas samhlaíoch agus taiscéalaíoch a éascú, i gcás go soláthraítear an deis d’indibhidiúlacht agus do phearsantacht na scoláirí fás agus iad féin a chur in iúl’.*

(ROS, Sonraíocht Cheoil na Sraithe Sóisearaí, lch.4)

Is furasta an cur chuige ‘ceann / lámha / croí’ a mbaintear leas as in OSD a chur i bhfeidhm agus muid ag plé leis an gceol:

An ceann – is féidir dul i ngleic le saincheisteanna domhanda trí phíosaí ceoil ábhartha.

An croí – corraíonn an ceol muid agus ar an gcaoi sin is féidir leis comhbhá agus dlúthpháirtíocht a spreagadh.

Na lámha – is iomaí bealach inar féidir leas a bhaint as an gceol chun tacú le gníomh fiúntach atá dírithe ar fheabhas a chur ar chúrsaí ar domhan.

Is féidir dul i ngleic trí mheán an cheoil le gach ceann de na 4 chomhpháirt de OSD:

Eolas – Is féidir saincheisteanna a iniúchadh trí scrúdú criticiúil a dhéanamh ar cheol agus ar liricí

Dearcthaí agus Luachanna – Agus muid ag tabhairt aghaidh ar shaincheisteanna a ardaítear trí mheán an cheoil, is féidir cur i gcoinne steiréitíopaí agus dlúthpháirtíocht a spreagadh

Scileanna – Ach cur lena dtuiscint ar an gceol, is féidir scileanna na scoláirí a chothú i dtaobh a bheith rannpháirteach le daoine eile chun gníomh a dhéanamh

Gníomh fiúntach a dhéanamh – Má spreagann píosa ceoil iad, is féidir leis na scoláirí a bpíosa ceoil féin a chumadh agus é a sheinm nó a chanadh mar fhreagra ar shaincheist chun gníomh fiúntach a dhéanamh

RÁITIS FOGHLAMA

Tá na ráitis foghlama seo a leanas thar a bheith ábhartha don cheol agus OSD:

Ráiteas Foghlama 3:

Déanann an scoláire réimse leathan téacsanna a chruthú, a mheas agus a léirmhíniú go criticiúil.

Ráiteas Foghlama 8:

Tá meas ag an scoláire ar an oidhreacht áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus tuigeann sé/sí an tábhacht atá ag an ngaol idir eachtraí atá thart agus eachtraí reatha, agus na fórsaí is cúis le hathrú.

Ráiteas Foghlama 16:

Déanann an scoláire cur síos ar phatrúin agus ar choibhneasa agus déanann sé/sí iad a léiriú, a léirmhíniú, a thuar agus a mhíniú.

Ráiteas Foghlama 23:

Tógann an scoláire smaoineamh ar aghaidh ó cheapadh go réadú.

Ráiteas Foghlama 24:

Úsáideann an scoláire an teicneolaíocht agus uirlisí na meán digiteach chun foghlaim, chun cumarsáid a dhéanamh, chun obair agus chun smaoineamh go comhoibríoch agus go cruthaitheach ar bhealach freagrach agus eiticiúil.

PRÍOMHSCILEANNA	GNÉ NA PRÍOMHSCILE
A bheith uimheartha	Patrúin, treochtaí agus coibhneasa a thabhairt faoi deara
A bheith liteartha	Téacsanna éagsúla a fhiosrú agus a chruthú
Mé féin a bhainistiú	A bheith in ann athmhachnamh a dhéanamh ar mo chuid foghlama féin
Eolas agus smaointeoireacht a bhainistiú	A bheith fiosrach
A bheith cruthaitheach	A bheith samhlaíoch agus foghlaim go cruthaitheach
Cumarsáid	Cur i láthair
A bheith ag obair le daoine eile	Meas a léiriú ar dhifríochtaí
Fanacht folláin	A bheith muiníneach

Fíor 2: Príomhscileanna agus príomhghnéithe na Sraithe Sóisearaí

TÁSCAIRÍ FOLLÁINE

Tá ról lárnach ag an gceol i ngach gné den fholláine sna scoileanna. Tá sé sa churaclam, ar bhealach foirmiúil agus neamhfhoirmiúil; tá sé ríthábhachtach do chultúr phobal na scoile agus is minic gur tríd an gceol a chothaíonn na scoláirí caidreamh tábhachtach le daoine eile.

Leagtar amach sna treoirlínte le haghaidh folláine sa tsraith shóisearach sé chinn de thréithe a bhíonn ag leanaí atá faoi bhláth. Bíonn siad:

- cruthaitheach agus samhlaíoch
- ceangailte agus ionbháúil
- go maith mar bhall foirne
- muiníneach fúthu féin
- athléimneach agus seasmhach
- dearfach fúthu féin agus á bhfeiceáil féin ag fás ina ndaoine níos fearr.

(ROS, Treoirlínte le haghaidh Folláine sa tSraith Shóisearach, lch. 11)

Is féidir le múineadh an cheoil na nithe sin go léir a chothú.

Tá dhá tháscaire folláine a mbaineann ábharthacht ar leith leo maidir le breathnú ar cheol na sraithe sóisearaí trí lionsa an cheartais dhomhanda.

1. Freagrach – is féidir leis na scoláirí gníomhú chun aird a dhíriú ar shaincheist trí cheol a chumadh nó trí sheinnliosta a chur le chéile

2. Ceangailte – bíonn an deis ag na scoláirí, trína gcuid ceoil, ceangal a chothú le scoláirí eile, lena bpobal agus/nó leis an domhan mór. Is féidir leo a thionchar sin a iniúchadh i gcomhthéacs áitiúil agus i gcomhthéacs domhanda

TORTHAÍ FOGHLAMA AGUS MEASÚNÚ

I sonraíocht an cheoil, leagtar béim ar a chomhtháite atá an teagasc agus an fhoghlaim ar fud shnáitheanna, gnéithe, agus torthaí foghlama an churaclaim. I ngach ceann de sa trí shnáithe i sonraíocht cheoil na sraithe sóisearaí, tá neart deiseanna ann chun saincheisteanna ceartais dhomhanda a phlé agus cur le foghlaim chuimsitheach, fhiúntach.

Snáithe 1 Eolas ar an Nós Imeachta

Is féidir leis na scoláirí cur lena dtuiscint ar an gceol trí mhachnamh a dhéanamh ar an gceol a roghnaíodh.

Snáithe 2 Nuálaíocht agus Smaointeoireacht

Is féidir leis na scoláirí ceol a chumadh agus a sheinm mar fhreagairt ar na topaicí agus na téamaí.

Snáithe 3 Cultúr agus Comhthéacs

Déanann na scoláirí iniúchadh ar an gcomhthéacs a mbíonn tionchar aige ar chuspóir an cheoil chun dearcadh úrnua a fháil ar shaincheisteanna domhanda.

Tá naisc le saincheisteanna domhanda ag gach ceann de na píosaí ceoil san acmhainn seo. Chomh maith le bheith ina dtúsphointe le haghaidh plé faoi shaincheisteanna domhanda, is féidir na píosaí seo a iniúchadh i dtaobh ghné an cheoil de agus iad a mheas i gcomhthéacs na dtorthaí foghlama.

Sa mhéid seo a leanas, déantar iniúchadh ar thopaicí OSD trí mheán an cheoil, agus léirítear nasc díreach idir gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama agus na torthaí foghlama. Cuirtear i láthair thíos na torthaí foghlama (TF) is ábhartha inár gceachtanna Ceoil/OSD ó thaobh na snáitheanna agus a ngnéithe de.

SNÁITHE A hAON	SNÁITHE A DÓ	SNÁITHE A TRÍ
Eolas ar an Nós Imeachta	Nuálaíocht agus Smaointeoireacht	Cultúr agus Comhthéacs
	Cruthú agus Fiosrú	
TF 1.2	TF 2.2 agus 2.3	TF 3.1 agus 3.3
	Páirt a ghlacadh agus Gabháil don Cheol	
TF 1.8	TF 2.6 agus 2.7	TF 3.5
	Measúnú agus Freagairt	
TF 1.10, 1.13, 1.14	TF 2.9, 2.10, 2.11, TF 3.5	TF 3.6, 3.7, 3.1

Fíor 3: Torthaí Foghlama a dtacaítear leo san Acmhainn seo

Measúnú

Scrúdú Praiticiúil

Is deis é an scrúdú praiticiúil do scoláirí píosaí ceoil a roghnú a oireann do shaincheist áirithe a mbaineann fiúntas ar leith léi dóibh féin. Moltar píosaí ceoil ina ndéantar téamaí domhanda a léiriú. B'fhéidir go mbeartóidh scoláirí freisin díriú ar 'amhráin agóide' nó amhráin ina ndéantar téama nó cultúr áirithe a cheiliúradh. Is deis é freisin chun 'an curaclam a dhíchoilíniú' trí phíosaí ceoil ó gach cearn den domhan a scrúdú. Cibé acu an ceol uirlise nó amhráin atá i gceist, tá raidhse ábhair ar fáil seachas an ceol a chloisimid go rialta. Sa nóta cláir, tá an deis ag an scoláire aird a dhíriú ar théama ceartais dhomhanda.

Measúnuithe rangbhunaithe

I gcás an Mheasúnaithe Rangbhunaithe seo, tugtar deis don scoláire ceiliúradh a dhéanamh ar a éachtaí mar chruthaitheoir déantán ceoil, ach bailiúchán dá smaointe ceoil agus léirithe cruthaitheacha a chur le chéile i réimse seánraí agus stíleanna éagsúla le himeacht ama.
(ROS, Sonraíocht Cheoil na Sraithe Sóisearaí, lch. 21)

MRB 1 – Punann chumadóireachta

Tá deis anseo do scoláirí chun punann saothar a chur le chéile atá bunaithe ar théama ceartais dhomhanda agus/nó ar cheann amháin nó níos mó de na spriocanna domhanda. Chun a gcuid píosaí cumadóireachta a spreagadh, d'fhéadfadh na scoláirí scrúdú a dhéanamh ar cheol ó phobail agus ó thíortha éagsúla nach dtabharfaidís aird orthu de ghnáth.

Féach ar Sheinnliosta Ceoil WWGS ar ár gcainéal YouTube @
worldwiseglobalschools6612

MRB 2 – Nóta cláir

Is féidir le scoláirí an nóta cláir a úsáid chun iniúchadh breise a dhéanamh ar léiriú cruthaitheach na dtéamaí atá ag na píosaí ceoil a roghnaigh siad. Is féidir leis an scoláire an deis a thapú chun aird a dhíriú ar shaincheist dhomhanda ar leith agus nasc a dhéanamh leis an gcumadóir, leis na ceoltóirí nó leis an comhthéacs. Agus nóta cláir á scríobh, bíonn an deis ag na scoláirí scrúdú criticiúil a dhéanamh ar chomhthéacs stairiúil an phíosa ceoil nó ar na cúinsí inar cumadh é.

Gnéithe Traschuraclaim

Gaeilge – *cultúr agus aistriú liricí*

Nuatheangacha lasachta – *cultúr agus aistriú liricí*

Stair – *cúlra na n-imeachtaí stairiúla atá faoi chaibidil*

Tíreolaíocht – *na háiteanna a ndéantar tagairt dóibh*

Béarla – *dánta/gearrscéalta/úrscéalta ábhartha*

Ealaín – *na híomhánna a roghnaítear*

OSSP – *tá baint ag gach topaic le dínit an duine*

Struchtúr na hAcmhainne:

1. Réamhchleachtaí Gutha, leathanach 10

Is féidir na réamhchleachtaí gutha a úsáid in aon cheacht agus tá stíleanna ceoil ó gach cearn den domhan le cloisteáil iontu.

2. Topaicí

Luaitear ocht dtopaic mar aon le samplaí de phíosaí ceoil. Tá na píosaí ceoil sin aibhsithe le dath gorm agus is féidir éisteacht leo, iad a sheinm nó píosa ceoil

nuachumtha a bhunú orthu, agus léargas a thabhairt ar shaincheisteanna domhanda ag an am céanna. Is é an aidhm atá againn an ceol a úsáid mar spreagadh ionas go ndéanfaidh na scoláirí iniúchadh criticiúil ar na saincheisteanna seo agus go gcuirfidh siad lena bhfeasacht ar an domhan seo. Tá gníomhaíochtaí molta san áireamh le gach roinn chun cabhrú leis na scoláirí feasacht a chothú agus iad a spreagadh chun seasamh i ndlúthpháirt le pobail chun athrú a bhaint amach.

Tá tuilleadh samplaí agus naisc úsáideacha san ábhar forlíontach ar líne ag <https://www.worldwiseschools.ie/resource-library/music/>

NÓTA DO MHÚINTEOIRÍ:

I mo sheomra ranga ceoil, d'fhéachamar ar chumadóirí agus a gcuid ceoil á úsáid againn chun feasacht a mhúscailt ar shaincheisteanna domhanda – mar shampla Ludivico Einaudi – ‘Elegy for the Arctic’ agus Max Richter ‘Sleep’, ‘Voices’, agus píosaí ceoil eile. D'úsáideamar na píosaí ceoil sin mar phointe tosaigh chun topaicí áirithe a iniúchadh agus chun an tsamhlaíocht a spreagadh i gcomhair tionscadal cumadóireachta/léirithe ranga. Le grúpa amháin, rinneamar ár nguthanna féin a athshamlú i gcomhthéacs ‘Voices’, agus muid ag díriú ar Chearta an Duine, ag machnamh ar an scoil agus ar phobal an cheantair, ag cur teangacha éagsúla san áireamh, ag déanamh taifeadadh ar na scoláirí agus na baill foirne i dteangacha éagsúla, ag déanamh gearrscannáin agus ag cumadh ceoil dó.

**– Miriam Kehoe, Múinteoir Ceoil,
Ardscóil Naomh Louis, Ráth Maonais**

NÓTA DO MHÚINTEOIRÍ:

Cibé uirlis cheoil atá roghnaithe ag an scoláire don scrúdú praiticiúil, is deis é don mhúinteoir blaiseadh den cheol domhanda a chur i láthair. Agus an fhliúit Shasanach á múineadh agam, bainim úsáid as an tsraith leabhar ó John Pitts ‘Recorder from the Beginning’. Leis na leabhair sin, foghlaimíonn scoláirí píosaí ó gach cearn den domhan. Fandango – damhsa ón Spáinn / caoineadh Gaelach / Le Basque – damhsa ón Spáinn / El Choclo – píosa ón Airgintín / The Swazi Warrior – píosa ón Afraic / La Cucaracha – damhsa ó Mheicsiceo. Má tá léarscáil an domhain sa seomra ranga, is féidir plé a dhéanamh faoin áit as ar tháinig an píosa ceol.

**– Shauna Keyes,
Scoil Phobail Bhaile an Bhlácaigh**

Comhionannas ar Domhan	Leathanach 18
Síocháin agus Ceartas	Leathanach 22
Táirgeadh agus Tomhaltas Eiticiúil	Leathanach 29
An tAthrú Aeráide	Leathanach 36
Imirce	Leathanach 42
Ceartas Cine	Leathanach 48
Dídeanaithe	Leathanach 54
Comhionannas Inscne	Leathanach 60

Ag cúl an treoirleabhair seo gheobhaidh tú 4 bhileog oibre a luaitear tríd síos

3. Freagairt trí mheán an cheoil, leathanach 46

Mar gheall gur gníomhaíocht phobail é ceol a sheinm agus a roinnt, is bealach ar leith é chun dlúthpháirtíocht a chothú agus is iomaí deis a bhíonn ann chun gníomhartha fiúntacha a dhéanamh a bhfuil baint acu le ceol. Tá go leor bealaí ann chun freagairt a thabhairt trí mheán an cheoil, bealaí inar féidir leis na scoláirí mionscrúdú a dhéanamh ar shaincheisteanna ceartais dhomhanda agus gníomh fiúntach a dhéanamh. Is féidir an fhreagairt sin a roinnt ar na meáin shóisialta nó a chur i láthair ag imeachtaí scoile. Leagtar amach anseo 6 fhreagairt cheoil atá bunaithe ar thorthaí foghlama na Sraithe Sóisearaí. Tá go leor laethanta agus míonna ar leith ann ar féidir iad a cheiliúradh trí mheán an cheoil. Tá tuilleadh eolais fúthu ag <https://www.un.org/en/observances>. San ábhar forlíontach, tugtar samplaí de spreagthaí a bhaineann le gach topaic i gcomhair Thorthaí Foghlama 1.2, 2.2, 2.6, 2.7, 3.5 agus 3.6.

4. Dianfhiosrú, leathanach 46

Tá ‘modheolaíocht dianfhiosraithe’ bhreise leagtha amach ar leathanach 47, chun cabhrú le comhrá a spreagadh ionas gur féidir cur chuige criticiúil a ghlacadh i leith na bhfadhbanna san fhíorshaol a dtagraítear dóibh sa phíosa ceoil. Táthar ag súil leis go mbeidh scoláirí in ann aird a thabhairt ar na ceoltóirí a ndeachaigh na saincheisteanna domhanda i bhfeidhm orthu agus an deis a bheith acu breathnú ar an domhan trí shúile daoine éagsúla. Tá Uirlis Dianfhiosraithe WWGS <https://www.worldwiseschools.ie/resource-item/the-digging-deeper-tool/>

5. Bileoga Oibre

Tá na bileoga oibre agus acmhainní breise le fáil ag <https://www.worldwiseschools.ie/resource-library/music/>

RÉAMHCHLEACHTAÍ

1. An Nigéir – *Eh soom boo kawayá*

Leagan Gaeilge: ‘Tá cuma na báistí air: tugaigí faoi na maidí rámha’

Is amhrán bádóireachta de chuid an phobail Ibibigh i ndeisceart na Nigéire é seo agus is minic a chanann mairnéalaigh é

<https://www.8notes.com/scores/28366.asp> (gléas F)

Físeán YouTube i ngléas G https://youtu.be/Xb6_J6BMznw

Smaointe Teagaisc:

- Roinn an rang ina dhá ghrúpa. Iarr ar ghrúpa amháin na liricí a rá i bhfoirm chantaireachta agus iarr ar an ngrúpa eile na nótaí a chanadh ar shiolla neodrach.
- Aimsígí na barraí uile a bhfuil sioncóipiú iontu
- Canaigí na liricí agus déanaigí bualadh bos gach uair a chanann sibh rithim shioncóipithe
- Tá cáil ar an bpobal Ibibeach as a gcumas ceoil. Faoin am go mbíonn siad 5 bliana d’aois, is féidir le gach páiste na céadta amhrán a chanadh, leo féin agus i ngrúpa. Déanaigí tuilleadh taighde faoi shaol an phobail Ibibigh

2. An Ostair – *Glockenjodler*

Is amhrán tíre de chuid na hOstaire é seo agus cantar siolla gan bhrí chun fuaim chloig a chur in iúl. Is cineál amhráin é an t-iódal (*yodel*) ina n-aistrítear go tapa ó nóta íseal go nóta ard arís agus arís eile. D’fhorbair an t-iódal as ceol tíre phobail Alpacha san Ostair agus san Eilvéis, áit ar úsáid aoirí é chun glaoch ar bheostoc nó chun teachtaireachtaí a chur idir sráidbhailte sna hAlpa

<https://youtu.be/j0f6TOecYXY> -

tá íomhánna a bhaineann leis an Nollaig san fhíseán

Smaointe Teagaisc:

- Canaigí na liricí agus greadaigí bhur gcos leis an mbuille
- Moillígí an luas chun díriú ar an rithim phoncaithe
- Canaigí an t-amhrán mar chanóin

- Is minic a chantar an t-amhrán seo ag an Nollaig. Déanaigí comparáid idir é agus amhráin ó áiteanna eile ina ndéantar an Nollaig a cheiliúradh
- Déanaigín taighde faoin gcaoi a ndeachaigh an t-íodal i bhfeidhm ar stíleanna ceoil ar fud an domhain

3. An tSeapáin – *Kagome*

Is amhrán agus cluiche Seapánach é *Kagome*. Tá leaganacha éagsúla de na liricí agus léirithe éagsúla ag áiteanna éagsúla sa tSeapáin.

<https://youtu.be/vgcZFAIHLrI>

Smaointe Teagaisc:

- Iarr ar leath an ranga bualadh bos a dhéanamh leis an rithim a fhad agus atá an leath eile ag canadh
- Iarr ar leath an ranga gan ach na camáin a chanadh agus iarr ar an leath eile na nótaí eile go léir a chanadh
- Canaigí i gcanóin agus amhránaí eile ag teacht isteach tar éis barra amháin
- Déanaigí comparáid idir an t-amhrán agus fonn ceoil tíre dá leithéid (an réim chéanna) atá ar eolas agaibh, mar shampla,
- Déanaigí comparáid idir bunús an dá amhrán agus an méid a chuireann siad in iúl dúinn faoin gcultúr

4. Uganda – *Amhrán Fáilte Dipidu*

Amhrán tíre ó Uganda is ea *Dipidu* agus cantar é chun fáilte a chur roimh dhaoine. Is focal gan bhrí é *dipidu*.

<https://youtu.be/CSdI6oRz8Bc>

Smaointe Teagaisc:

- Ós rud é go bhfuil dhá amchomhartha ann, roinn an rang ina dhá leath agus cuir na grúpaí ag bualadh bos nó ag canadh na gcodanna éagsúla i ndiaidh a chéile
- Déan cnagcheol colainne le haghaidh na mbarraí a bhfuil rithim shioncóipithe acu
- Tá roinnt treibheanna eitneacha éagsúla in Uganda, agus tá a cheol tíre féin ag gach ceann acu. Is é Baganda an stíl cheoil is fearr aithne as a measc siúd. Déan taighde ar an stíl sin nó ar aon stíl cheoil eile ó Uganda.

- Is ceoltóir agus polaiteoir aitheanta ó Uganda é Bobi Wine. Déan taighde ar a ghairm

Cén fáth nach n-úsáidimid an téarma ‘Ceol Domhanda’ a thuilleadh

De réir a chéile, stopadh ag úsáid an téarma ‘ceol domhanda,’ a cumadh sna 1980idí, ós rud é gur cuireadh ceol de gach seánra lasmuigh den Eoraip agus de Mheiriceá sa ghrúpa céanna leis an téarma sin. Cé gur fhorbair coincheap an cheoil dhomhanda ár dtuiscint ar an gceol, ba chinneadh gnó é agus mar sin níor smaoiníodh ar na steiréitíopaí a gcuirfí béim orthu tríd an seánra a chumadh.

In 1999, in alt tuairime san *New York Times*, d’fhógair David Byrne, príomhamhránaí Talking Heads, gurbh fhuath leis ainm an tseánra sin. San alt ‘I Hate World Music’, áitíodh go gcuireann ceol domhanda leis an mbearna idir ‘muidne’ agus ‘iadsan’ agus gurb é an tionchar atá aige pobail cheoil a scaradh óna chéile, seachas iad a thabhairt le chéile mar ba chóir.

Thug sé le fios freisin go bhféadfaí breathnú air mar rud aineolach fuaimeanna ceoil a bhaineann le go leor cultúir éagsúla a chur le chéile in aon ghrúpa mór amháin. Cé go bhfuil athrú mór tagtha ar chúrsaí anois, agus cé go mbíonn an cheist sin fós á plé, téann na steiréitíopaí i bhfeidhm ar na ceoltóirí fós.

Iarr ar na scoláirí ‘píosa ceoil dhomhanda’ is maith leo a aimsiú agus iarr orthu a dhéanamh amach cén seánra lena mbaineann sé (ceol clasaiceach, snagcheol, popcheol, rapcheol, mar shampla).

5. Iosrael – Hevenu Shalom Aleichem

Is amhrán tíre Eabhrach é *Hevenu Shalom Aleichem*:

Hevenu – guímid

Shalom – Síocháin

Aleichem – ort

<https://www.8notes.com/scores/13971.asp>

<https://youtu.be/JB4RMIWroMY>

Smaointe Teagaisc:

- Canaigí an t-amhrán agus é ag éirí níos sciobtha de réir a chéile

- Roinn an rang ina thrí ghrúpa agus tabhair focal amháin do gach grúpa le canadh. Athraigh an focal ó ghrúpa go grúpa ina seal féin

An bhfuil scoláire i do rang féin a bhíonn ag seinm píosa ceoil le Beethoven ar an bpianó?? Tá Barenboim, Giúdach ón Airgintín, ar dhuine de na pianódóirí is cáiliúla a sheinneann ceol Beethoven, agus tá cáil air freisin as ceoltóirí ó Iosrael agus ón bPalaistín a thabhairt le chéile chun bheith ag seinm agus iad ag baint leas as an gceol chun nasc a chothú eatarthu.

6. Iamáice – *Shake the papaya down*

Is amhrán saothair é seo ó Iamáice agus is i stíl chailíopsó atá sé. Is stíl cheoil Afra-Chairibeach é an cailíopsó. Tháinig an stíl sin chun cinn ar Oileán na Tríonóide agus scaip sí ar fud Mhuir Chairib. Déantar an rithim a shioncóipiú agus is ina gcomhcheol a chantar na hamhráin, nó go macallach.

<https://youtu.be/n2hqnWDloUk>

Smaointe Teagaisc:

- Canaigí an t-amhrán i gcanóin agus amhránaí eile ag teacht isteach tar éis 8 mbarra
- Roinn an rang ina thrí ghrúpa agus tabhair cuid den amhrán do gach grúpa le canadh
- Seinnigí rithim chuid 2 ar uirlisí ceoil agus cuid 1 agus cuid 3 á gcanadh
- Fásann an crann papá suas le 30 troigh ar airde. Bhíodh daoine ag dreapadh na gcrann sin chun na torthaí a chroitheadh anuas go talamh. Scríos víreas tionscal na bpapánna i Muir Chairib go luath san 21ú haois. Mar sin féin, tháinig an tionscal ar ais chuige féin de bharr na biteicneolaíochta. Fiosraigh conas a tharla sé sin

7. An Nua-Shéalainn – *Epo I Tai I e*

Seinntear *Epo I Tai I e* le cnagcheol colainne agus is amhrán traidisiúnta Maorach ón Nua-Shéalainn é, cé go gceaptar gur ó Haváí a tháinig sé ar dtús. Is mar seo a

leanas a deirtear na focail: ípeo – í – táí – táí – é agus ciallaíonn sé ‘Beidh mé sona sásta’.

<https://youtu.be/pFKRwWsfjno>

Smaointe Teagaisc:

- Canaigí an t-amhrán i gcanóin agus amhránaí eile ag teacht isteach tar éis 4 bharra
- Agus cnagcheol colainne á dhéanamh agaibh, fágai gí míreanna áirithe ar lár (de réir threoracha an mhúinteora)
- Seinnigí amhrán ar an uailéile – tá cordaí ar fáil sa nasc YouTube
- Déanaigí taighde ar na naisc idir na Maoraigh agus muintir Havái

TOPAIC: AN COMHIONANNAS AR DOMHAN

Eolas Cúlra

Bíonn baint ag an éagthroime le bás amháin gach 4 soicind. Astaíonn an 20 billiúnaí is saibhre ar domhan 8,000 oiread an méid carbóin is a astaíonn an 1 bhilliún duine is boichte ar domhan. D’éirigh leis an deichniúr fear is saibhre ar domhan a gcuid saibhris a dhúbailt le linn phaindéim dhomhanda COVID-19, ach ba i laghad a chuaigh ioncam 99% de na daoine ar fud an domhain. Níl iontu sin ach cuid de na staitisticí ó Thuarascáil Oxfam i dtaobh an Neamhionannais, 2022. Agus an neamhionannas á fhiosrú agat leis na scoláirí, baineann an-tábhacht le neamhionannas ó thaobh saibhris de agus leis an gcúis atá lena leithéid a bheith ann.

Riamh anall, tá ceoltóirí agus cumadóirí amhrán ag cur in iúl ina gcuid ceoil go bhfuil fonn orthu comhionannas agus ceartas a bhaint amach. Is iomaí amhrán a úsáideadh arís agus arís eile le haghaidh feachtais éagsúla. Tá go leor ceoltóirí ann a bhain leas as an ardán atá acu chun feasacht a mhúscailt faoin streachailt ar son an chomhionannais ar domhan.

San fhichiú aois agus san aonú haois is fiche, bhain go leor daoine aonair agus grúpaí leas as ceol tíre agus popcheol chun agóid a dhéanamh i gcoinne na héagóra. Beidh roinnt amhráin agóide cloiste cheana ag na scoláirí, agus b’fhéidir go bhfuil amhráin eile cloiste acu ach nach eol dóibh gur amhráin agóide iad. D’fhéadfá iarraidh ar na scoláirí iniúchadh níos doimhne a dhéanamh ar stair agus éifeachtaí amhrán ar leith a úsáideadh chun agóid a dhéanamh i gcoinne na héagóra.

Ag smaoineamh ar na Spriocanna Domhanda

Faoin mbliain 2030...

- **Sprioc 10:** An neamhionannas a laghdú laistigh de thíortha agus i measc tíortha
- **Sprioc 16:** Síocháin, ceartas agus institiúidí láidre

10 NEAMHIONANNAS A LAGHDÚ

16 SÍOCHÁIN, CEARTAS AGUS INSTITIÚIDÍ LÁIDRE

Gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama

A change is gonna come:

Tá go leor amhráin agóide ann ar fud an domhain a úsáideadh arís agus arís eile i gcásanna éagsúla chun athrú a éileamh. Is é is bonn leis na feachtais sin go léir go mbíonn comhionannas á éileamh ag daoine. Amhrán amháin dá leithéid is ea ‘A change is gonna come’, amhrán a thaifead Sam Cooke den chéad uair in 1964 le linn na ngluaiseachtaí ceart sibhialta sna Stáit Aontaithe. Ó shin i leith, úsáideadh é chun athrú a spreagadh ina lán comhthéacsanna éagsúla agus rinne go leor ceoltóirí éagsúla a leaganacha féin de. Is teachtaireacht dóchais atá san amhrán. Tá tagairt san fhíseán ceoil seo <https://youtu.be/wEBlaMOmKV4> d’fheachtais éagsúla ar son an chomhionannais a bhí ar bun le 60 bliain anuas.

Gníomhaíocht mholta:

- Déan comparáid idir an t-amhrán seo agus amhráin agóide eile atá ar eolas agat, ag baint úsáid as Bileog Oibre 2. *TF 1.14*
- Féach ar an bhfíseán agus féach cé mhéad duine agus feachtas ar son an chomhionannais is féidir leat a aithint.

Juliani

Is rapálaí ón gCéinia é Juliani agus úsáideann sé an ceol mar a bheadh arm ann i gcoinne an neamhionannais. Ina chuid amhrán, bíonn sé ag trácht ar na saincheisteanna a théann i bhfeidhm ar mhuintir na Céinia agus é dóchasach go seasfaidh daoine an fód agus go n-éistfear leo. I mbruachbhaile bocht i Nairobi a rugadh é, áit a bhfuil an láithreán dumpála is mó sa Chéinia anois. Labhraíonn sé faoin

mbochtaineacht agus é ag fás aníos agus faoin gcaoi nár cheistigh sé an neamhionannas. Creideann Juliani gurb é ceann de na fadhbanna neamhionannais is mó ná nach bhfuil a fhios ag daoine cé na cearta atá acu agus mar sin nach féidir leo troid ar a son. Creideann sé gurb é cumhacht an cheoil, agus an hip-hop go háirithe, ná go mbíonn níos mó fonn ar dhaoine éisteacht leis na focail ná le hóráid iomlán. Tugtar léargas ar na fadhbanna atá sa Chéinia faoi láthair san amhrán Utwala ('Rial' i Svahaílis) ón mbliain 2014, le liricí ar nós:

"...ní theastaíonn uainn go laghdófaí praghsanna earraí... deiseanna atá uainn ionas gur féidir linn íoc astu..."

Éilliú, leithleachas, treibheachas

Íomhá seachas beartas a dhíolann ár gceannairí linn

Is é atá sa bhráithreachas faire amach do dhaoine eile

Ní chuirfidh mé suas leis an gcaoi a gcaitear linn..."

Gníomhaíochtaí molta:

- Déan anailís ar liricí agus ar theachtaireacht Utwala agus tú ag baint úsáid as Bileog Oibre 1. *TF* 3.6
- Déan taighde ar cheol Juliani agus cuir do chuid taighde i láthair i bhfoirm cheoil.

World in Union

Tá an t-amhrán 'World in Union' bunaithe ar théama ó 'Jupiter', gluaiseacht ón tsraith 'Planets' a chum Gustav Holst in 1914.

Féach air á sheinm anseo: https://youtu.be/BUM_zT3YKHs. Cuireadh na liricí 'World in Union' leis an amhrán nuair a rinneadh amhrán rugbaí de. Le linn na paidéime domhanda a rinneadh an taifeadadh seo, nuair a tháinig 85 ceoltóir agus amhránaí le chéile ar líne <https://youtu.be/fNjnmByT5EA>.

Gníomhaíochtaí molta:

- Aimsigh a oiread uirlisí ceoil agus is féidir leat sna léirithe seo. *TF* 2.9
- Aimsigh naisc idir 'Jupiter' le Holst agus an t-amhrán 'World in Union', agus Bileog Oibre 3 á húsáid agat. *TF* 1.14
- Agus tú ag baint úsáid as Bileog Oibre 1, déan anailís ar na liricí agus aimsigh na heochairfhocail a fhágann gur amhrán aontachta é seo.

Ábhar breise ar líne:

- Singlí carthanachta lena neartaítear steiréitíopaí
- SAM: Ceol Tracy Chapman
- Uganda: Bobi Wine, ceoltóir agus an polaiteoir
- Cinsireacht a dhéantar ar an gceol

Modheolaíocht OSD

RANGÚ MUILEATA AR NA hAMHRÁIN AGÓIDE IS FEARR

- Roghnaíodh an rang 8/10 n-amhrán agóide.
- Roinn an rang ina ghrúpaí.
- Pléigí teachtaireacht agus tionchar gach amhráin agus ansin cuirigí in ord iad ag brath ar cé chomh maith atá siad.
- Cuireadh gach grúpa a gcuid torthaí i láthair don rang.
- Cuirigí deireadh leis an gceacht le léiriú ranga den amhrán is fearr, dar libh. *TF 3.6*

Ceann de na gnéithe is tábhachtaí de OSD is ea aird na scoláirí a dhíriú ar chultúir agus insintí eile seachas ár gcinn cheannasacha féin, mar shampla, Mí Stair na nDaoine Gorma. Is éard atá i gceist le díchoilíniú ná cur i gcoinne an lucht cumhachta a chothaíonn an dearcadh gur ar luach eacnamaíoch amháin a bhíonn fiúntas bunaithe, ar mhaithe le grúpaí áirithe daoine, bíodh ‘coilíniú’ foirmiúil ar siúl nó ná bíodh.

Ar aon dul le go leor de na healaíona, rinneadh go leor plé agus díospóireachta i réimse an cheoil faoin ‘díchoilíniú’. Dá bharr sin, tháinig roinnt athruithe dearfacha chun cinn in ollscoileanna ar nós Oxford, a rinne díchoilíniú ar an siollabas ceoil a mhúintear ansin. Tá go leor oibre déanta ag lucht an cheoil chlasaiceigh ina thaobh sin. Mar shampla, nuair a bhí Institiúid Goethe i mBeirlín á cheiliúradh go raibh sé 250 bliain ó rugadh Beethoven, dhírigh sí aird ar dhíchoilíniú an cheoil chlasaiceigh lena chinntiú go mbíonn meas ag daoine ar gach uile chineál ceoil chlasaiceigh, ní díreach ceol ón Eoraip agus ó Mheiriceá Thuaidh.

Tuilleadh eolais agus tionscadal: www.goethe.de/otherbeethovens.

Leis na scoláirí, déan iniúchadh ar cheol clasaiceach ó thíortha eile lasmuigh de Mheiriceá Thuaidh agus den Eoraip.

Eolas Cúlra

Úsáideadh ceol go forleathan i bhfeachtais ar son na síochána agus an cheartais. Ina lán cásanna, úsáideadh an t-amhrán céanna i gcomhthéacsanna éagsúla, rud a léiríonn gur teanga uilíoch é an ceol. Is minic a úsáidtear ceol tíre i bhfeachtais ar son na síochána, an oideachais agus gníomhaíochtaí ar sin na síochána, agus tíortha ag cur a bhféiniúlachta in iúl trína gcuid ceoil. I dtaighde a rinne an Dr Peter Coleman, speisialtóir a bhíonn ag plé le cúrsaí síochána in Ollscoil Columbia, fuair sé amach go mbíonn deasghnátha agus cultúr láidir sna sochaithe is síochánta, agus gur gné thábhachtach de na deasghnátha sin i ngach pobal é an ceol.

Ag smaoineamh ar na Spriocanna Domhanda

Faoi mbliain 2030...

- **Cuspóir 16.1:** Laghdú mór a dhéanamh ar gach cineál foréigin agus ar rátaí báis gaolmhara i ngach áit. Féach acmhainní WWGS, ina bhfuil taifeadadh de cheardlann faoi Shíocháin agus Ceartas, sa rannán acmhainní de www.worldwiseschools.ie

16 SÍOCHÁIN, CEARTAS AGUS INSTITIÚIDÍ LÁIDRE

Gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama

Beethoven

Ba é ‘Óid don Aoibhneas’ cóiriú Beethoven ar dhán le Schiller. In 1824 a cumadh é agus deirtear gur ‘Óid don tSaoirse’ an teideal a bhí air ar dtús. Ag an am sin, bhí ceoltóirí á gcur faoi chois ag Foraitheanta Karlsbad, agus cumadh an t-amhrán mar agóid i gcoinne rialtas na Prúise. Deirtear gur athraigh Schiller na lircí ar eagla go mbainfí amach díoltas air. Roghnaíodh an t-amhrán mar aintiún (amhrán oifigiúil) an Aontais Eorpaigh in 1985. Canadh é le linn na n-agóidí i gCearnóg Tiananmen in 1989 agus bhí Leonard Bernstein á stiúradh nuair a thit Balla Bheirlín an bhliain chéanna sin, agus an focal ‘saoirse’ á chanadh in ionad ‘aoibhneas’.

Gníomhaíochtaí molta:

- Déan anailís ar ‘Óid don Aoibhneas’ agus tú ag baint úsáid as Bileog Oibre 1. *TF 3.6*
- Déan an cheist seo a phlé: ‘Ar cothaíodh aontas agus síocháin san Eoraip de bharr an amhráin *Óid don Aoibhneas*’?
- Cuirigí an t-amhrán in oiriúint le haghaidh léiriú ranga agus sibh ag baint úsáid as an nasc seo <https://www.8notes.com/scores/22456.asp> *TF 2.5*
- Cuirigí bhur gcuid liricí féin leis an amhrán ionas go bhfeilfidh sé d’fheachtas éigin atá ar bun faoi láthair ar son na síochána agus an cheartais. *TF 2.3*

An tSile – ‘La Nueva Cancion’

Gluaiseacht agus seánra i gceol na Sile ab ea *La Nueva Cancion*, ina raibh an ceol traidisiúnta agus an ceol tíre ina ngnéithe d’amhráin inar éilíodh síocháin agus ceartas sna 1960idí agus sna 1970idí. Baineadh úsáid as na hamhráin sin chun córais rialtais éagóracha a cháineadh agus dóchas a thabhairt don ghluaiseacht fhorásach. Gné eile de *La Nueva Cancion* ab ea an meon frith-Mheiriceánach a bhí ann de bharr Chogadh Vítneam.

Venceremos (‘Tiocfaidh ár lá’) <https://youtu.be/57tWbzDdx2s> an t-ainm a bhí ar amhrán an fheachtais agus tá go leor cosúlachtaí idir é agus amhrán agóide na Stát Aontaithe ó na 1960idí, ‘We Shall Overcome’.

https://youtu.be/M_Ld8JGv56E

<https://www.8notes.com/scores/5811.asp>

Bhí páirt lárnach sa ghluaiseacht seo ag Victor Jara agus bhunaigh sé a cheol ar na foinn thraidisiúnta ón tSile a bhailigh sé. Tar éis coup míleata a tharla in 1973, gabhadh go leor de cheoltóirí *La Nueva Cancion* nó díbríodh iad. Gabhadh Jara, céasadh é agus maraíodh é agus deirtear gur ag canadh véarsa de ‘Venceremos’ a bhí sé nuair a fuair sé bás. Tá *Manifesto* ar cheann dá chuid amhrán is cáiliúla, agus is bailéad uaigneach i mionghléas é atá bunaithe ar cheol traidisiúnta na Sile.

Liricí agus ceol: https://www.youtube.com/watch?v=Xyyu5AN_H0g
<https://musescore.com/user/1977/scores/7322447>

Gníomhaíochtaí molta:

- Déan comparáid idir ‘Venceremos’ agus ‘We shall overcome’ le Pete Seeger agus tú ag baint úsáid as Bileog Oibre 2. *TF 1.14*
- Cuir na hamhráin sin in oiriúint d’fheachtas síochána atá ar bun sa lá atá inniu ann. *TF 2.3*
- Ullmhaigh an rang chun na hamhráin sin a chur i láthair. *TF 2.5*
- Déan tuilleadh taighde faoi shaol agus oidhreacht Victor Jara.

Ábhar breise ar líne:

Ceol le linn coimhlinte:

- ‘People have the power’
- An Bhrasaíl – Alegria, Alegria
- An Eastóin – ‘An Réabhlóid Amhránaíochta’
- Hong Cong – Agóid na Scáthanna Fearthainne
- *World beyond War*

Modheolaíocht OSD

LUCHT DÉANTA ATHRAITHE A BHÍONN Á gCEILIÚRADH SA CHEOL

Martin Luther King	Victor Jara	Nelson Mandela
Ceannaire i ngluaiseacht na gceart sibhialta i Meiriceá sna 1960idí ab ea Martin Luther King. Chreid sé go raibh ról mór millteach ag amhráin sa streachailt ar son cearta sibhialta. Rinne U2 a chuid éachtaí a cheiliúradh ina n-amhrán: 'Pride in the name of love' https://youtu.be/56mjwycKuXA	Amhránaí agus gníomhaí polaitiúil Sileach sna 1970idí ab ea Victor Jara. Bhunaigh sé a chuid ceoil ar cheol tíre traidisiúnta na Sile agus labhair sé amach i gcoinne tráchtálú a bheith á dhéanamh ar cheol agóide. B'fhearr leis féin an téarma 'amhrán réabhlóideach' Insíonn Christy Moore a scéal san amhrán 'Victor Jara' https://youtu.be/TiKPu5WmOkQ	In 1994, ceapadh Nelson Mandela ina chéad Uachtarán den chine gorm ar an Afraic Theas. Le linn ré na cinedheighilte, cuireadh sa phríosún é ar feadh 27 mbliain. Dúirt Mandela uair amháin: 'Is mór an tsuáilce againn é an ceol. Is féidir leis muid a thabhairt le chéile ionas go mbímid ag canadh le haon ghuth amháin.' Déanann Brenda Fassie ceiliúradh ar a chuid éachtaí ina hamhrán 'Black President' https://youtu.be/aRkSi3tJDIE

- Luaitear sa tábla seo triúr a bhain athruithe móra amach agus a ndearnadh ceiliúradh ar a ngaiscí le hamhrán.
- Agus na daoine sin ina spreagadh agat, roghnaigh duine atá i mbun athrú ar domhan inniu, bíodh sé sin i gcomhthéacs áitiúil, náisiúnta nó idirnáisiúnta, agus roghnaigh bealach chun éachtaí an duine sin a cheiliúradh trí mheán an cheoil.
- Bain úsáid as an teimpléad fócais 'Lucht Déanta Athraithe' thíos chun anailís a dhéanamh ar obair agus/nó oidhreacht an duine sin.
- Roghnaigh conas an duine sin a cheiliúradh trí mheán an cheoil:
 - Cum píosa ceoil uirlise
 - Cum amhrán
 - Cum píosa rap
 - Cuir seinnliosta le chéile
 - Déan montáis íomhánna agus cuir ceol oiriúnach léi

Ag Díriú ar Lucht Déanta Athraithe:	
Duine éigin Cé a bhí sa duine nó sa ghrúpa?	
Mian Cad a bhí uaithi, uaidh, nó uathu?	
Ach Cad iad na bacainní agus na dúshláin a bhí le sárú?	
Mar sin Cad iad na réitigh fhéideartha a bhí ann?	
Ansin Cad a rinne sí, sé nó siad?	

Anois is fútsa atá sé, mar is féidir leatsa athrú a bhaint amach freisin. Scrúdaigh an tábhacht a bhaineann le bheith in bhur mbuíon déanta athraithe. Léigh na scéalta seo ó dhaoine óga atá sa tóir ar athrú ag <https://worldslargestlesson.globalgoals.org/campaign/sharing-stories-from-young-changemakers/>. Bain úsáid as na scéalta sin chun tú féin agus do chomhscoláirí a spreagadh chun gníomh fiúntach a dhéanamh maidir le saincheist áitiúil nó saincheist dhomhanda.

Roger Waters

Tá Roger Waters, duine den bhanna *Pink Floyd*, ag gníomhaíocht ar son na síochána le fada an lá agus dhírigh sé cuid mhór dá cheolchoirmeacha ar mhúscailt feasachta chun cur in aghaidh na cogadóirí, agus é ag obair in éineacht le *World Beyond War* www.worldbeyondwar.org

TOPAIC: TÁIRGEADH AGUS TOMHALTAS EITICIÚIL

Eolas Cúlra

Sa chuid seo déanfaimid iniúchadh ar tháirgeadh agus ar thomhaltas eiticiúil sa tionscal ceoil. Spreagtar cumadóirí, ceoltóirí agus a lucht leanúna chun breathnú ar bhealaí níos inbhuanaithe chun ceol a tháirgeadh agus a thomhailt ar bhealach atá cothrom do chách. Tá go leor tionscnamh ag teacht chun cinn atá dírithe ar an tionscal ceoil a dhéanamh níos eiticiúla ó thaobh táirgthe agus tomhaltais de.

Tá ról ar leith ag an ngeilleagar ciorclach ina leith sin. Is samhail táirgthe agus tomhaltais é sin a bhaineann le hábhair agus táirgí a roinnt, a dheisiú, a athúsáid, a laghdú agus a athchúrsáil chun fáil réidh le dramhaíl, an dúlra a athshlánú agus fuinneamh a spáráil. Nuair a smaoinímid ar na hacmhainní, ar an eastóscadh agus ar an obair cheardaíochta a bhíonn ag teastáil chun uirlisí ceoil a dhéanamh, is mór is fiú uirlisí ceoil atá ann cheana a athchúrsáil agus iad a dhéanamh níos inbhuanaithe trí dhíriú ar na hábhair agus na modhanna ceardaíochta a úsáidtear agus ar an bhfuinneamh a ídítear.

MURA FÉIDIR É A LAGHDÚ, A ATHÚSÁID, A DHEISIÚ, A ATÓGÁIL, A ATHCHÓIRIÚ, A ATHCHRÍOCHNÚ, A ATHDHÍOL, A ATHCHÚRSÁIL NÓ A MHÚIRÍNIÚ, BA CHÓIR É A SHRIANADH, A ATHDHEARADH NÓ STOPADH Á THÁIRGEADH.

PETE SEEGER

1. Táirgeadh

Uirlisí ceoil athchúrsáilte

Is grúpa as Leosóta é **Sotho Sounds** a sheinneann a gcuid ceoil le huirlisí déanta as bruscar agus a thugann ‘junk funk’ ar an stíl atá acu <https://youtu.be/SPGvJbhAVS0>. Iad féin a d’fhoghlaim conas ceol a sheinm, gan múinteoir ar bith, agus déanann siad a gcuid uirlisí agus bíonn siad ag gabháil don cheol agus iad ag obair mar aoirí freisin. Le hábhar athchúrsáilte ar nós seanchannaí ola, boinn ghluaisteáin, craobhóga agus doirteal cistine, d’éirigh leis an mbanna dhá fhidil, uirlis cosúil le dordghiotár agus druma a dhéanamh.

Is banna ón mBeilg é **Trashbeatz** a sheinneann uirlisí atá déanta as bruscar athchúrsáilte freisin https://youtu.be/ZPz4nG_2bKY. Bíonn siad ag ceol ar an tsráid agus eagraíonn siad ceardlanna chun an teachtaireacht a chur chun cinn ‘go bhfuil ceol sa

bhruscar'. Creideann Trashbeatz go mbíonn an ceol, an éiceolaíocht agus an nuálaíocht ag gabháil le chéile.

Seo a leanas dhá thionscnamh Éireannacha chun uirlisí ceoil a athchúrsáil:

1. Tionscadal Athchúrsála Fhine Gall 'Play it again'

<https://www.rte.ie/news/2019/1115/1091035-fingal-recycling-project-hits-the-right-note>

2. Comhairle Contae Mhuineacháin:

3.

Snáithe 2: Nuálaíocht agus Smaointeoireacht:
TF 2.2 D'fhéadfadh na scoláirí ceoilín
fógraíochta a chumadh – deis iontach
scigathrise chun fógra a dhéanamh faoi
tháirgeadh agus tomhaltas neamheiticiúil a
dhéantar ar tháirge ar bith. Féach
www.adbusters.org le haghaidh spreagadh a
fháil

Gníomhaíochtaí molta:

- Cum ceoilín chun fógraíocht a dhéanamh ar cheann de na tionscnaimh athchúrsála thuas. *TF 2.2*
- Déan uirlis cheoil de do chuid féin as ábhair athchúrsáilte agus bain triail as cineálacha éagsúla fuaimeanna a dhéanamh agus na nótaí ceoil a scríobh síos trí do chuid siombailí féin a cheapadh. *TF 2.1*
- Déan naisc idir d'uirlis agus an píosa ceoil sin a chum tú.

Uirlisí ceoil a dhéanamh ar bhealach inbhuanaithe

Is iomaí tionscnamh atá ann chun féachaint chuige gur ar bhealach inbhuanaithe a bhíonn uirlisí ceoil á dtáirgeadh. Roinnt samplaí is ea rósadhmaid dubh Afracach a chur ag fás le haghaidh an chláirnéid, an óbó agus an phiccoló, an crann brasaíladhmaid a fhás sa Bhrasaíl chun boghanna a dhéanamh, agus an eagraíocht neamhrialtasach Éireannach *Just Forests* a chuireann chun cinn gur ar bhealach freagrach a gheofar adhmaid a oireann d'uirlisí ceoil.

Léigh tuilleadh sonraí san ábhar forlíontach ar líne.

Le deimhniú ó **FSC (an Chomhairle Maoirseachta Foraoise)**, deimhnítear go gcomhlíonann táirge an caighdeán óir maidir le táirgeadh eiticiúil. Na táirgí a bhfuil an deimhniú sin acu, tá siad déanta as adhmad a fuarthas ó fhoraoisí atá á mbainistiú go freagrach, ar bhealach atá feasach ar an gcomhshaol.

Gníomhaíochtaí molta:

- Fiosraigh cad as a bhfuil d'uirlis déanta agus cén áit a ndearnadh í.
- Déan tuilleadh taighde faoi cheann de na tionscnaimh thuas.
- Ullmhaigh ráiteas ceoil faoi cheist na n-uirlisí ceoil inbhuanaithe. *TF 2.2*

An bhfuil deimhniú FSC ag d'uirlis cheoil féin?

2. Tomhaltas

Sruthú Ceoil

Tá athrú tagtha ar an mbealach a n-éistimid le ceol, mar gheall ar an tionscal sruthaithe ceoil. Téann na hardáin cheoil sin i bhfeidhm ar na roghanna a dhéanann éisteacha ar bhealach atá an-difriúil ó na roghanna a dhéanann an té a cheannaíonn dlúthdhiosca nó ceirnín. Bíonn an-tionchar ag algartaim ar thomhaltas éighníomhach an cheoil agus is fadhb é sin. Bíonn an tionscal ceoil i gcoitinne á cháineadh ag roinnt ceoltóirí agus léiritheoirí – deir siad nach n-íoctar airgead cóir leo as a gcuid oibre anois nuair atá laghdú ag teacht ar dhíol na dtáirgí ceoil fisiceacha agus méadú ag teacht ar an sruthú ceoil.

Mar gheall go bhfuil roinnt de na comhlachtaí sruthaithe chomh stuacach, bunaíodh roinnt gnólachtaí sruthaithe nua a íocann níos mó airgid leis na ceoltóirí ná an meánráta a íoctar faoi láthair ar shruthú amhráin ar Spotify, Apple Music agus Deezer. Tá sé ina aidhm ag Sonstream agus Resonate, i measc eagraíochtaí eile, ráta níos fearr a íoc leis na ceoltóirí agus córas níos inbhuanaithe agus níos eiticiúla a rith. Is ardán íoc-mar-a-úsáidtear é Sonstream a ghearrann thart ar 3.3c ar éisteacha in aghaidh gach riain a n-éistean siad leis, agus íoctar 2.5c den mhéid sin díreach le sealbhóir na gceart.

Rud eile faoi na halgartaim is ea go bhfágann siad nach furasta ag ceoltóirí nua aird an phobail a mhealladh. Trí mholtaí a fháil atá bunaithe ar do nósanna éisteacha, tá tú ag cothú an cheoil atá i réim cheana féin.

Ó: <https://www.theguardian.com/music/2021/apr/10/music-streaming-debate-what-songwriter-artist-and-industry-insider-say-publication-parliamentary-report>

Gníomhaíochtaí molta:

- Déan suirbhé i do rang/scoil ar an áit a bhfaigheann na scoláirí a gcuid ceoil. Féach cén chaoi a dtacaíonn na hardáin sin leis na ceoltóirí. *TF 3.10*
- Déan scrúdú ar an eitic a bhaineann le ceann de na córais sruthaithe nua.
- Má úsáideann tú féin seirbhís sruthaithe, scrúdaigh na moltaí maidir le do roghanna éisteachta. *TF 2.11*

Ceol Cóirthrádála

Is gluaiseacht é an ceol cóirthrádála atá dírithe ar chóras cothrom, inbhuanaithe a chur i bhfeidhm do gach duine sa slabhra luacha ceoil. Is é atá i gceist leis féachaint chuige go bhfaigheann ceoltóirí luach saothair cothrom as a gcuid oibre agus go mbíonn an t-eolas ag tomhaltóirí chun roghanna eiticiúla a dhéanamh agus ceol á cheannach acu. Tá próiseas tagarmharcála ar líne forbartha ag *Fairtrade Music* le critéir a léiríonn cleachtais eiticiúla inbhuanaithe sa tionscal ceoil, macasamhail na gcleachtas a bhaineann le hearraí grósaera Cóirthrádála, a bheag nó a mhór.

<https://www.fairtrademusicinternational.org/>

Is é atá uathu go mbeadh ceol cóirthrádála le fáil i leithéidí iTunes agus Amazon amach anseo. Is foinse ceoil cóirthrádála ó gach cearn den domhan é March Hare Music:

<https://march-hare-music.com/>

Ba é Brendan Poynton, amhránaí agus cumadóir amhrán, a bhunaigh ‘Songwall’, ardán beo a dhíríonn aird ar amhráin a scríobh ceoltóirí nach bhfuil conradh sínithe acu le comhlacht ceoil fós. Tá sé bunaithe ar fhealsúnacht an cheoil cóirthrádála. Songwall –

<https://songwall.com/>

‘Creidimid gur cheart meas a bheith againn ar cheoltóirí agus gur cheart go n-íocfaí go cóir iad as a gcuid amhrán agus a gcuid oibre. Tá Songwall ag forbairt ardán beoshruthaithe dreasaithe atá bunaithe ar bhlocshlabhra, ionas gur féidir leis na húsáideoirí amhráin nuachumtha a aimsiú, a bheith i mbun caidreamh sóisialta agus cuidiú le ceoltóirí airgead a shaothrú. Míníonn Poynton an coincheap ar a bhfuil Songwall bunaithe ina chaint TED: ‘From fear to fairtrade music’

<https://youtu.be/KBW-LyrYzl>

Gníomhaíochtaí molta:

- Déan machnamh ar an méid atá ar eolas agat faoi tháirgí Cóirthrádála agus féach conas a d’fhéadfaí prionsabail na Cóirthrádála a chur i bhfeidhm i dtaobh táirgeadh agus tomhaltas ceoil.
- Cum agus can amhrán faoi cheartas trádála.

Agus muid ag caint faoin gCóirthrádáil, tá sé tábhachtach labhairt faoi Cheartas Trádála agus faoin bhfáth ar tháinig an Chóirthrádáil ar an bhfód an chéad lá riamh

Ábhar breise ar líne:

- Conspóid faoi ghradaim cheoil:
- Eitic an K-Pop
- Amhráin faoi airgead, faoi thomhaltachas nó faoi shaint

Modheolaíocht OSD

DÍOSPÓIREACHT GHLUAISTEACH

Reáchtáil díospóireacht ghluaisteach nó leanúntas tuairimí faoin gceist seo agus faoi cheisteanna eiticiúla eile a bhaineann le ceol

- Tá sé mí-eiticiúil go mbeadh réaltaí pop ar milliúnaithe iad ag canadh faoi chúrsaí airgid
- Tá na halgartaim ag cur bac ar cheoltóirí atá ag iarraidh a mbealach a dhéanamh i saol an cheoil
- Tá an sruthú ceoil ag scriosadh an cheoil
- Tugtar tús áite do cheoltóirí seanbhunaithe sna searmanais ag a mbronntar gradaim cheoil

TOPAIC: AN tATHRÚ AERÁIDE

Eolas Cúlra

Bhí an ceol riamh ina dhlúthchuid den agóid ar son an chomhshaoil agus le déanaí tá go leor ceoltóirí tar éis an t-ardán atá acu a úsáid chun a dtuiscintí féin ar an éigeandáil aeráide a chur chun cinn.

Gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama

Greta Thunberg

In 2019, d'eisigh Greta agus an grúpa ceoil *The 1975* amhrán darb ainm 'The 1975' freisin. <https://youtu.be/4fwEG8XK1uU>

Rinneadh léirmheasanna dearfacha ar an amhrán as ucht a theachtaireachta agus is chuig an ngluaiseacht *Extinction Rebellion* a chuaigh an t-airgead a rinneadh air. Tá ceol uirlise timpeallach sa chúla agus tá Greta le cloisteáil ag léamh aiste faoin éigeandáil aeráide.

Luaitear Greta i liricí amhráin a chum Christy Moore faoin athrú aeráide in 2021, 'Clocks wind down'. <https://youtu.be/gWilkXloEY8> Tá íomhánna cumhachtacha san fhíseán a ghabhann leis an amhrán sin.

Gníomhaíocht mholta

- Éist leis an dá amhrán sin agus smaoinigh ar an gcaoi a gcuireann an ceol leis an teachtaireacht atá ag Greta.
- Déan comparáid idir na híomhánna sna físeáin a ghabhann leis an dá amhrán agus déan a mheas cé chomh maith agus a oireann siad don cheol agus do na liricí. *TF* 3.6

Billie Eilish

Tá clú agus cáil ar fud an domhain ar Billie Eilish, agus is minic a labhair sí amach faoin éigeandáil aeráide. Le linn chruinniú mullaigh COP26 i mí na Samhna 2021, d'iarr sí ar cheannairí an domhain seasamh le chéile agus labhairt amach ar son ár bplainéid, ní ar mhaithe linn féin amháin ach ar mhaithe leis na glúnta a thiocfaidh inár ndiaidh. Is veigeán í a luann leas ainmhithe agus an t-athrú aeráide mar chúiseanna leis an rogha sin agus labhraíonn sí go rialta faoi bheith ag triail feabhas a chur ar chúrsaí ar domhan. Mar chuid dá camchuart dhomhanda 'Happier than ever' in 2022, eagraíodh ócáid cheoil agus phlé faoin athrú aeráide i Londain.

Tá sí féin, Harry Styles agus Lorde páirteach in REVERB, eagraíocht atá dírithe ar an gceol beo a chur i láthair sa chaoi is gur lú an dochar a dhéantar don chomhshaol. Rinne an eagraíocht sin 'glasú' ar bhreis is 250 camchuart dhomhanda:

<https://reverb.org/>

Bíonn sráidbhaile gníomhaíochta Billie Eilish le feiceáil ag gach seó, chun cuidiú lena lucht leanúna teacht ar bhealaí chun gníomhú ar son an cheartais aeráide. Cosúil leis na camchuairteanna a bhí aici roimhe seo, is ‘ócáid atá báuil don aeráid’ é, is é sin le rá go bhfaightear réidh le níos mó astaíochtaí ná mar a chruthaítear

<https://reverb.org/tour/billie-eilish-happier-than-ever-the-world-tour-2022/>

An t-amhrán a chuir sí amach in 2019 ‘All the good girls go to hell’, is faoin athrú aeráide atá sé agus tugtar léargas ann ar dhearcadh an diabhair agus dearcadh Dé, a chuireann an milleán ar an gcine daonna as an domhan a scriosadh. Mhol a lán léirmheastóirí an físeán as an teachtaireacht láidir atá ann faoin éigeandáil aeráide.

<https://youtu.be/-PZsSWwc9xA>

Gníomhaíocht mholta

- Éist leis an dá amhrán sin agus smaoinigh ar an gcaoi a gcuireann an ceol leis an teachtaireacht atá ag Billie.
- Déan comparáid idir na híomhánna sna físeáin a ghabhann leis an dá amhrán agus déan a mheas cé chomh maith agus a oireann siad don cheol agus do na liricí. *TF* 3.6

Liricí – <https://genius.com/Billie-eilish-all-the-good-girls-go-to-hell-lyrics>

Gníomhaíochtaí molta:

- Déan anailís ar chur i láthair ‘All the good girls go to hell’ agus tú ag baint úsáid as Bileog Oibre 4.
- Canadh an rang an t-amhrán agus sibh ag baint úsáid as an leagan karaoke seo <https://youtu.be/PH5dzxD7i3U> *TF* 1.8
- Déan taighde faoin gcamchuairt ‘Happier than ever 2022’ chun féachaint ar an iomaí bealach a dtugtar aghaidh ar an athrú aeráide le meon dearfach.
- Cum ceoilín chun aird a dhíriú ar rud amháin a d’fhéadfadh an scoil a dhéanamh chun dul i ngleic leis an athrú aeráide. *TF* 2.2

Ag cur le hinbhuanaitheacht an tionscail ceoil

Le blianta beaga anuas, tá go leor ceoltóirí ag iarraidh a gcuid ceolchoirmeacha a bheith níos inbhuanaithe:

- In 2022, reáchtáladh an chéad fhéile a bhí neodrach ó thaobh carbóin de in Éirinn, i nDúlainn, Co. an Chláir, agus tugadh ‘**an fhéile gan lorg carbóin**’ uirthi. Níor úsáideadh aon phacáistíocht phlaisteach aon úsáide, ní dhearnadh aon chláir ná ticéid a chlóbhualadh, bhí na bandaí láimhe in-mhúirínithe agus ba ó fhoinsí in-athnuaite a tháinig an fuinneamh go léir a úsáideadh

- Is tionscnamh é **Earthpercent** a spreagann ceoltóirí chun céatadán beag dá n-ioncam a thabhairt d’eagraíochtaí a bhíonn ag plé leis an athrú aeráide. <https://earthpercent.org/4/>
- Is grúpa gairmithe sa tionscal ceoil é *Music declares emergency* a tháinig le chéile in 2019 lena dhearbhu go bhfuil éigeandáil aeráide ag tarlú. Creideann siad i gcumhacht an cheoil chun an t-athrú cultúrtha is gá a chur chun cinn ionas gur féidir feabhas a chur ar chúrsaí ar domhan. <https://www.musicdeclares.net/gb/> leis an haischlib #NoMusicOnADeadPlanet. Is iad na príomhchuspóirí atá acu:
 1. Plé a spreagadh agus cuidiú leis an gcomhoibriú sa tionscal ceoil chun buanathrú inbhuanaithe a dhéanamh ar an gcleachtas gnó agus tionscal atá saor ó charbón a bhaint amach.
 2. Leas a bhaint as cumhacht an cheoil, agus as an gcumhacht ollmhór chultúrtha atá ag tionscal an cheoil agus ag ceoltóirí, chun an pobal a chur ar an eolas agus a spreagadh chun páirt ghníomhach a ghlacadh i gcomhráite faoin éigeandáil aeráide agus faoi na réitigh a d’fhéadfadh a bheith againn ar an éigeandáil sin.

Sa phacáiste aeráide a bhaineann le Tionscal an Cheoil, luaitear 10 leid do gach duine, idir cheoltóirí agus daoine a fhreastalaíonn ar fhéilte, faoin gcaoi ar féidir leo a gcion féin a dhéanamh <https://www.musicdeclares.net/assets/documents/pdfs/MDE-MUSIC-INDUSTRY-CLIMATE-PACK.pdf>

Is é ‘Resolution song’ an t-amhrán domhanda atá acu chun daoine a thabhairt le chéile – <https://youtu.be/b8msVRulh7A> Tá go leor leaganacha den amhrán ar fáil i dteangacha éagsúla agus is féidir bileoga ceoil a íoslódáil ag: <http://planetresolution.com/>

Gníomhaíochtaí molta:

- Déan scrúdú chun féachaint cé chomh hinbhuanaithe a bhí ceolchoirm ar fhreastail tú uirthi. Féach ar bhealaí a bhféadfaí a dhéanamh níos inbhuanaithe.
- Téigh ag obair le daoine eile chun sraith taifeadtaí a dhéanamh ina léirítear an gá atá le níos mó inbhuanaitheachta sa tionscal ceoil. *TF 3.1*
- Déan taighde ar fhéilte ceoil ar fud an domhain. Scrúdaigh *repertoire*, ceoltóirí agus inbhuanaitheacht na n-imeachtaí sin agus déan comparáid idir iad agus féilte a bhfuil cur amach agat orthu

AN AFRAIC: <https://furtherafrica.com/2022/04/17/13-music-festivals-to-consider-in-an-african-trip/>

AN ÁISE: <https://tribalreunion.com/inspirations/the-15-best-music-festivals-in-asia-enjoy-music-culture/>

MEIRICEÁ THEAS: <https://www.musicfestivalwizard.com/festival-guide/south-america/>

Ábhar breise ar líne:

Amhráin a bhfuil baint acu leis an gcomhshaol:

- Joni Mitchell – Big Yellow Taxi
- Neil Young – After the Goldrush
- Colours of the Wind

Ceol chun aird a dhíriú ar an athrú aeráide:

- Paul McCartney – Love song to the Earth (2015)
- NYADO – Mission to Earth
- Yo Yo Ma – Seachange Project
- Hans Zimmer – Earth

Modheolaíocht OSD

PLÉ PAINÉIL

Cuir plé painéil ar bun faoin athrú aeráide. Chun ullmhú lena aghaidh, roinn an rang ina ghrúpaí.

- Glacann grúpa amháin ról an óstaigh agus ullmhaíonn sé ceisteanna.
- Ullmhaíonn na grúpaí eile ionchur ó rannpháirtí amháin. Roghnaigh rud ón liosta thíos nó rudaí eile.
- Le linn an phlé phainéil, bíonn nóiméad amháin ag gach rannpháirtí chun iad féin a chur in aithne agus a mhíniú cén fáth a bhfuil siad anseo. Agus iad á gcur féin in aithne, iarr ar gach rannpháirtí tagairt a dhéanamh dá gceol agus don ról is féidir a bheith ag an gceol san fheachtas ar son an cheartais aeráide.
- Úsáideann an t-óstach na ceisteanna a ullmhaíodh chun plé a spreagadh faoi dhearcthaí éagsúla ar an éigeandáil aeráide agus ar thábhacht an cheoil.
- Ina dhiaidh sin, eagraigh seisiún ranga chun iniúchadh a dhéanamh ar na dearcthaí a chuir daoine in iúl.

Greta Thunberg / Hans Zimmer / Paul McCartney / Billie Eilish / Joni Mitchell / Sait Kazuyoshi / Christy Moore / Angelique Kidjo

Curtha in oiriúint ó mhodúl ‘Popular Education’ de chuid Young Friends of the Earth, lch.18 – <https://www.youngfoe.ie/assets/files/pdf/populareducationmodule.pdf>

Creideann WWGS nach féidir labhairt faoin Athrú Aeráide gan breathnú ar an Dífhás agus ar Eacnamaíocht Taoschnó (Doughnut Economics) ag an am céanna.

TOPAIC: AN IMIRCE

Eolas Cúlra

Is ealaín uilíoch é an ceol agus tá forbairt mhór tagtha air le blianta beaga anuas mar gheall ar an tionchar a bhíonn ag cultúir éagsúla ar a chéile de bharr na himirce.

Athchruthaíonn daoine cultúr a dtíre dúchais chun an baile a chur i gcuimhne dóibh, agus tagann cultúir nua ar an bhfód dá bharr sin.

Dá bhrí sin, bíonn an ceol agus an imirce fite fuaite lena chéile agus léirítear iontu an chaoi a ngluaiseann daoine ó áit go háit. Mar gheall ar an idirlíon, tá na cultúir éagsúla níos fite fuaite le chéile ná mar a bhí riamh roimhe seo agus is féidir leis sin dul i bhfeidhm go mór orainn ó thaobh tuiscintí a cheistiú agus a bheith ag triail aird a thabhairt ar dhearcthaí éagsúla ar an domhan.

Agus téama na himirce á iniúchadh agat leis na scoláirí, molaimid duit leas a bhaint as an acmhainn *Beyond Borders* ó Galway One World Centre.

Cumaisc chultúrtha

An Afraic Theas

Is scáththéarma é *Afrobeat* do phopcheol ón Afraic Thiar agus a diaspora, ina bhfuil fuaimeanna ó cheol traidisiúnta na hAfraice, snagcheol, func agus hip-hop. Gné mór de cheol traidisiúnta na hAfraice is ea an rithim agus úsáidtear ilrithimí ar nós an heimiala seo:

Ceoltóir ón Nigéir ab ea **Fela Kuti** a chuir ceol *Afrobeat* chun cinn lasmuigh den Nigéir. Tá baint ag *Afrobeat* le go leor stíleanna ceoil eile anois, a bhuí le Femi agus Seun, mic le Kuti. Seo ‘Zombie’ le Seun Kuti: <https://youtu.be/YCZZWu9WR5s>

Is amhránaí ón Nigéir é **BurnaBoy** a bhuaigh gradam Grammy agus atá faoi thionchar ag ceol Fela Kuti. Deir sé gur ceol cumaisc Afracach nó ‘Afro-fusion’ a sheinneann sé.

<https://youtu.be/N7CMcPYOA2>

Is ón Afraic Thiar a tháinig *Afrobeat* agus *Afrobeats* an chéad lá riamh ach ní hionann iad ar chor ar bith: <https://youtu.be/EhW47K2Amco>

Afrobeat	Afrobeats
Is seánra ceoil é <i>Afrobeat</i> a bhunaigh Fela Kuti, ceoltóir ón Nigéir. Tá snagcheol, func agus ceol traidisiúnta na hAfraice fite fuaite le chéile ann. Bíonn na hamhráin fada – suas le 15 nóiméad go minic agus bíonn siad bunaithe ar mhionscála, ar scála peinteatonach nó ar scála blues. Pléitear topaicí sóisialta sna liricí agus spreagtar an lucht éisteachta chun páirt a ghlacadh san amhrán trí chur chuige macallach (glaoch agus freagairt).	Is aicme ghinearálta den phopcheol é <i>Afrobeats</i> , ar a dtugtar <i>Afropop</i> freisin, a tharraingíonn ar cheol na hAfraice agus ar cheol an Domhain Thiar. Is téarma uileghabhálach é do phopcheol ár linne ón Afraic. Bhí an iomaí cineál ceoil fite fuaite le ceol traidisiúnta na hAfraice chun <i>Afrobeats</i> a chruthú, ach ní seánra ar leith é ann féin.

Is uirlis téada ón Afraic Thiar é an *Kora* (ar chlé). Tá 22 téad uirthi agus déantar iad a phiocadh chun ceol a bhaint aisti. Deirtear go minic fúithi gur meascán den ghiotár agus den chláirseach í. Is ón mBreatain do **Sona Jobarteh** (ar dheis), ceoltóir uirlise agus amhránaí a bhfuil cáil uirthi as a cumas ar an *kora*. Is de shliocht teaghlaigh *griot* ón nGaimbia í a bhfuil an *kora* sa traidisiún aige. Is scéalaithe agus ceoltóirí Afracacha iad na *griot* arb é a ról é béaloideas a dtreibhe a choinneáil beo. <https://youtu.be/lg91Z0-rBfo>

Gníomhaíochtaí molta:

- Cleachtaigí heimiala a dhéanamh agus sibh ina ngrúpaí, tugaigí na rithimí sin le chéile i bpatrún athchleachtach agus bódh uigeacht éagsúil agaibh gach babhta. *TF 1.1*
- Déan comparáid idir an *kora* agus uirlisí dá leithéid ó thíortha eile. *TF 2.9*
- Fiosraigh céard go díreach is *griot* ann agus aimsigh daoine cosúil leo i gcultúir eile. *TF 3.3*

Cúba

Tá ceol Chúba faoi thionchar cheol na hAfraice Thiar agus na Spáinne, agus chuaigh sé féin i bhfeidhm ar cheol cultúr eile. Tá *son* ar cheann de na seánraí ceoil ó Chúba a tharraingíonn go mór ar rithimí na hAfraice Thiar agus a raibh tionchar aige ar salsa agus rumba. Bíonn an-tóir ar an snagcheol i gCúba agus tá clú agus cáil bainte amach ag ceoltóirí snagcheoil Chúba ar fud an domhain. Is ensemble ceoltóirí ó Chúba é an **Buena Vista Social Club** a bhfuil a cháil amuigh ar fud an domhain agus a dhírigh aird

an tsaoil mhóir ar cheol Mheiriceá Laidinigh i gcoitinne:

<https://youtu.be/UXwLBS3yUkA>

Is é an patrún clabha is bonn le ceol Chúba: <https://youtu.be/T-bXVeAmGiM>

Is amhrán tíre traidisiúnta ó Chúba é **Lagrimas negras**:

<https://youtu.be/aDCJVuXoxcc>

<https://musescore.com/user/14972456/scores/3969151>

Is í an '**tres**' uirlis náisiúnta Chúba – trí phéire téada a bhíonn uirthi agus bíonn gach ceann acu tiúnáilte go dtí an tuinairde chéanna. Ar an ngiotár Spáinneach atá sí bunaithe.

Gníomhaíochtaí molta:

- Déan comparáid idir an *tres* agus uirlisí dá leithéid ó thíortha eile. *TF* 2.9
- Éist le 'Lagrimas Negras' agus lean an scór. Aimsigh tionchar na hAfraice agus na Spáinne sa cheol. *TF* 3.3
- Déan taighde ar Chúba agus ar an ról a bhí ag an gceol sa tír sin, agus go háirithe ar an tionchar a bhí ag an Buena Vista Social Club.

Manu Chao

Is amhránaí Francach-Spáinneach é Manu Chao a bhíonn ag canadh i dteangacha éagsúla agus i stíleanna éagsúla. 'Meascán mearaí' a thug sé féin ar a shaothar ceoil. Sraitheanna liricí, ceoil agus taifeadtaí fuaime a bhíonn ina chuid píosaí ceoil, chomh maithe le gíotaí fuaime sampláilte. Deir sé faoina cheolchoirmeacha gur spásanna sealadacha iad inar féidir le daoine ó chúlraí éagsúla teacht le chéile. Bhí **Clandestino** ar cheann de na halbaim ba mhó éilimh dá chuid:

<https://www.youtube.com/watch?v=bnaTLCFpQnE> agus is ar an albam sin a bhí an rian 'Bongo Bong' <https://youtu.be/cfLIIP-GAmg> ar díriodh aird mhór air nuair a chas Robbie Williams leagan de <https://youtu.be/Rvi1YwVCOfA>

Trína chuid liricí, spreagann sé a lucht éisteachta chun machnamh a dhéanamh ar an inimirce, ar an ngrá agus ar an mbochtaineacht. Is minic a labhraíonn sé amach i gcoinne na héagothroime sóisialta.

San fhíseán seo a cuireadh amach in 2019, cloisimid amhrán leis, **Seeds of Freedom** https://youtu.be/-nGh_2HEPlc, á sheinm in éineacht le ceoltóirí ó gach cearn den domhan. Tá Manu Chao ar dhuine den iliomad ceoltóirí atá páirteach sa ghluaiseacht *Playing for Change*

<https://www.azlyrics.com/lyrics/manuchao/seedsoffreedom.html>

Gníomhaíochtaí molta:

- Éist leis an gcurfá: ‘Seeds of freedom, Last chance to save humanity, seeds of freedom, be ready’.
- Déan anailís ar na liricí uile chun eochairfhocail a aimsiú lena gcuirtear dlúthpháirtíocht in iúl.
- Féach ar fhíseán de ‘Seeds of Freedom’ agus déan amach cé na háiteanna a aithníonn tú ann.
- Fiosraigh ceol ó na háiteanna sin agus tú ag baint úsáid as <https://www.theglobaljukebox.org/> TF 1.14

Ábhar breise ar líne:

Amhráin cháiliúla a bhfuil téama comhshaoil acu:

- Éire
- An tSiria
- Téama na himirce sa cheoldráma ‘Hamilton’

Modheolaíocht OSD

STRAITÉIS MÍREANNA MEARAÍ

- Roinn an rang ina 4 ghrúpa saineolaithe agus leag amach stíl cheoil amháin do gach grúpa – b’fhéidir na cinn atá luaite thuas nó aon stíl eile a oireann don rang.
- Spreag na grúpaí chun éisteacht leis an gceol, anailís a dhéanamh air agus é a phlé chomh maith le breathnú ar bhunús sóisialta an cheoil agus ar an teachtaireacht atá sna hamhráin.
- Tar éis 10 nóiméad, leag amach 4 ghrúpa as an nua agus cinntigh go bhfuil ‘saineolaí’ amháin ar a laghad ar gach stíl i ngach grúpa.
- Leag an cúram ar an ngrúpa freagairt cheoil a ullmhú ina mbeidh meascán gnéithe a bhaineann leis na 4 stíl éagsúla. D’fhéadfadh rap, ceoilín, amhrán nó seinnliosta a bheith i gceist leis an bhfreagairt sin
- Spreag na grúpaí chun bheith in ann a mhíniú cén ghné de gach stíl atá le cloisteáil ina bhfreagairt cheoil.

- Nuair a bheidh an méid sin déanta, iarr ar na scoláirí a bhfreagairt a roinnt leis an bpobal scoile. Gníomh fiúntach a bheidh ansin chun éagsúlacht chultúrtha a cheiliúradh.

TOPAIC: CEARTAS CINE

Eolas Cúlra

I stair fhada na troda ar son an chomhionannais idir ciníocha agus ar son an cheartais ar domhan, is bealach é an ceol dóibh siúd a bhfuil teachtaireacht acu nó a bhfuil agóid le déanamh acu chun iad féin a chur in iúl. Bhí meas mór ag Martin Luther King, ceannaire ghluaiseacht na gceart sibhialta sna 1960idí, ar an gceol mar uirlis chun cúrsaí a athrú. *‘Is ón gceol seo a tháinig cuid mhór de chumhacht ár nGluaiseachta Saoirse sna Stáit Aontaithe. Neartaigh na rithimí binne muid nuair a chlis ar an misneach orainn. Chuir sé ar ár suaimhneas muid nuair a bhíomar in ísle brí.’*

San Afraic Theas, bhí go leor ceoltóirí, Mama Miriam Makeba ina measc, ag canadh agus ag labhairt amach i gcoinne na cinedheighilte, agus tháinig a gcuid ceoil chun cinn mar ghné thábhachtach de struchtúr sóisialta na hAfraice Theas.

Bhí baint ag a lán amhráin íocónacha leis an ngluaiseacht i gcoinne na cinedheighilte agus sin mar atá fós – bhí an ceol lárnach sa ghluaiseacht *Black Lives Matter* ó 2016 i leith. Tá ceoltóirí ón iomaí traidisiún agus ón iomaí seánra tar éis dlúthpháirtíocht a léiriú don chúis sin trína gcuid ceoil, agus deir a lán acu gurbh é 2020 bliain an cheoil agóide.

Gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama

An Afraic Theas:

Ba amhránaí ón Afraic Theas í **Miriam Makeba**, nó ‘Mama Africa’ mar a thugtaí uirthi, agus is siombail í de shaoirse agus féiniúlacht na hAfraice. Réitigh sí an bealach do na glúnta a thiocfadh ina diaidh ionas go bhféadfaidís saol barántúil, cróga, gan eagla a bheith acu. D’aithin Meiriceánaigh Afracacha iad féin in Makeba agus, anuas air sin, chonaic siad na deiseanna a bhí ann dóibh, rud a léiríodh trí amhránaíocht, damhsa, éadaí, teanga agus idé-eolaíocht. Bhí an-éileamh ar roinnt amhrán dá cuid inar

cáineadh an chinedheighilt, agus tháinig sí chun cinn i súile an phobail mar dhuine a chuir i gcoinne an chórais, go háirithe nuair a stopadh í ó fhilleadh ar an Afraic Theas. Sna Stáit Aontaithe a bhí Makeba tráth a bhí Gluaiseacht na gCeart Sibhialta ar bun. D'éirigh go geal léi ansin agus bhí an-tóir ar fud an domhain ar an amhrán 'Pata Pata' (1967) a chan sí, amhráin ar bronnadh gradam Grammy uirthi as.

<https://www.youtube.com/watch?v=FptofC0lKnk>

Ciallaíonn **Pata Pata** 'Teagmhaigh Teagmhaigh' agus is do ghothaí colainne sa damhsa atáthar ag tagairt sna liricí. Dúradh gur amhrán é lenar seasadh an fód le misneach iontach tráth a bhí leatrom á dhéanamh ar dhaoine, agus deirtear faoi gurb é an t-amhrán Afracach is cáiliúla ar domhan.

In 1976, tharla éirí amach in Soweto, bruachbhaile de Johannesburg. Chan Makeba an t-amhrán **Soweto Blues** mar fhreagra air sin. Dúradh fúithi go raibh a guth mar a bheadh dromchla ann ar ar theilg Meiriceánaigh a gcuid scéalta féin faoin Afraic agus faoin gcaidreamh idir na ciníocha i Meiriceá.

Cé go raibh ceoltóirí ann a cheap nach raibh baint dhíreach ag a gceol féin leis an bpolaitíocht, ba é a dúirt Makeba go mbíodh daoine ag rá gur faoi chúrsaí polaitíochta a bhíodh sí ag canadh, ach nár bh í an pholaitíocht féin a bhíodh faoi thrácht aici ach an fhírinne. D'fhill sí ar an Afraic Theas in 1990. Nuair a fuair sí bás in 2008, dúirt Nelson Mandela, iarUachtarán na hAfraice Theas, gur spreag a cuid ceoil dóchas ollmhór ionainn go léir.

Gníomhaíocht mholta:

- Bain úsáid as an scór idirghníomhach i gcomhair *Pata Pata*.
<https://youtu.be/9EGH1Ca3byw> Déan anailís ar an gceol agus ar an teachtaireacht le Bileog Oibre 1.
- Soweto Blues – Seo léiriú beo de Makeba agus *Soweto Blues* á chasadh aici –
https://youtu.be/YGbEQ210_J4
Déan an léiriú a mheas le Bileog Oibre 4.

Stáit Aontaithe Mheiriceá

Bhí a lán ceol íocónach ina chúla ag gluaiseacht na gceart sibhialta sna 1960idí. Chantaí go leor amhráin spioradálta Afracacha Mheiriceánacha agus daoine ag máirseáil ar son a gceart. I measc na n-amhrán spioradálta sin bhí 'Oh Freedom'
<https://youtu.be/veiJLhXdwn8>, <http://www.janwolters.nl/blad/ohfreedom.pdf>

Chuaigh amhráin spioradálta dá leithéid i bhfeidhm ar an gceol a cumadh sa ré sin.

‘People get ready’

Amhrán ó ghluaiseacht na gceart sibhialta sna 1960idí is ea ‘People Get Ready’ <https://youtu.be/UG-KNy1MRTc>. Ba é Curtis Mayfield a rinne é a thaifeadadh ar dtús in 1965. Tá sé faoi anáil ag amhráin spioradálta agus ag ceol gaspal agus dúirt Martin Luther King gurbh é amhrán neamhoifigiúil ghluaiseacht na gceart sibhialta é. Baineadh leas as mar amhrán máirseála freisin. Rinneadh an-chuid leaganacha de a thaifeadadh, agus i measc na n-amhránaithe a thug faoi bhí Bob Marley in 1965, Bob Dylan in 1975, Jeff Beck in 1985 agus Eva Cassidy in 1996.

Gníomhaíocht mholta:

- Tá an-chosúlacht idir ‘People Get Ready’ agus an t-amhrán spioradálta ‘Oh Freedom’. Déan comparáid idir an dá amhrán sin le Bileog Oibre 3. *TF 1.14*
- Pléigh an tábhacht a bhaineann leis na hamhráin sin chun cur i gcoinne na claontachta a bhí i réim ag an am.
- Éist le haon leagan de ‘People Get Ready’. Ullmhaigh chun do leagan féin de a chanadh trí na mothúcháin, an stíl nó an comhcheol a athrú ionas go meallfaidh an t-amhrán lucht éisteachta sa lá atá inniu ann. *TF 2.3*

Nina Simone

Dúirt Martin Luther King gurbh í Nina Simone ghlór ghluaiseacht na gceart sibhialta sna 1960idí. Tá a lán gnéithe den amhrán spioradálta agus d’amhráin a linne féin le cloisteáil ina hamhrán **‘I wish I knew how it feels to be free’** <https://youtu.be/HDqmJEWQJRI> agus rinneadh an-chuid leaganacha éagsúla de. Seo roinnt de na leaganacha is cáiliúla den amhrán sin:

- Angelique Kidjo/Naima Hebrail Kidjo: <https://youtu.be/95FyN3kOQfg>
- The Boston Boys: <https://www.youtube.com/watch?v=AYj89T3apJ8>

Gníomhaíocht mholta:

- Roghnaigh leagan den amhrán agus déan comparáid idir é agus an bunleagan le Bileog Oibre 2.
- Déan comparáid idir ceol Miriam Makeba agus ceol Nina Simone. *TF 1.14*

Tar éis daoibh breathnú ar chuid de na gluaiseachtaí sin ar son an cheartais cine, nó orthu go léir, smaoinigí ar an méid seo a leanas:

- Pléigí tionchar an cheoil ar na feachtais sin ar son an cheartais cine

- Bhí na feachtais sin ar siúl sna 1960idí agus sna 2010idí. Cén chuma a bheidh ar cheartas cine sna 2050idí, dar leat?
- Is féidir lorg na nAmhrán Spioradálta a rianú trí stair an cheoil chomh fada leis an snagcheol, blues, hip-hop agus r'n'b, i measc stíleanna eile
- Roghnaigh ceann ar bith de na stíleanna sin agus déan comparáid idir ceol sa stíl sin agus amhráin spioradálta ó thaobh struchtúir agus úsáid uirlisí ceoil de *TF 3.3*
- Agus an píosa ceoil seo ina spreagadh agat, cum (*TF 2.2*) nó oiriúnaigh (*TF 2.3*) píosa ceoil, píosa rap nó ceoilín i gcomhair feachtas ar son ceartas cine, mar shampla, 'Show racism the red card' nó 'Rock against racism'.

Ábhar breise ar líne:

Steiréitíopáil sa cheol:

- Amhráin spioradálta Afracacha Mheiriceánacha
- An ghluaiseacht *Black Lives Matter*
- 'The hill we climb' – an fhilíocht ina spreagadh againn

Modheolaíocht OSD

CRANN FADHBANNA/RÉITEACH – BUNCHÚISEANNA A AIMSIÚ

Is é dearcadh WWGS é gurb é an dea-chleachtas sa OSD dul i ngleic le bunchúiseanna aon fhaidhbe nó saincheiste ceartais dhomhanda. Go leor de na cúiseanna a bhíodh ann san am atá caite, cosúil le saint, sclábhaíocht, coilíniú, eastóscadh agus saothrú, níl deireadh tagtha leo go fóill!

1. Tar éis don rang foghlaim faoi fheachtais ar son an cheartais cine, eagraigh na scoláirí ina ngrúpaí beaga chun crann fadhbanna/réiteach a ullmhú a bhaineann leis an gcomhionannas idir ciníocha sa lá atá inniu ann.
2. Déanaigí scrúdú ar an gcomhionannas idir ciníocha ar domhan inniu – déanaigí babhta tobsmaointeoireachta faoin gcuma atá air sin ar leibhéal pearsanta, áitiúil, náisiúnta nó domhanda.
3. Scrúdaigí na naisc idir na Spriocanna Domhanda agus an ceartas cine. Féachaigí ar Dhearbhú Uile-Choiteann Chearta an Duine agus pléigí cé na cearta atá á sárú
4. Leis an teimpléad thíos, déanaigí babhta tobsmaointeoireachta faoi na fadhbanna agus na réitigh fhéideartha chun an crann a líonadh isteach. Bainigí úsáid as post-its chun eochairfhocail a chur ar an gcrann a léiríonn bunchúiseanna na faidhbe seo agus na siomptóim a ghabhann leo.

5. Nuair a bheidh sé sin déanta, bainigí úsáid as na heochairfhocail chun amhrán nó píosa rap a chumadh ina léireofar bhur ndearcadh féin ar an gcomhionannas idir ciníocha.

Bainigí úsáid as acmhainní WWGS ar ‘Our Journey Towards Racial Justice’ ar an suíomh gréasáin.

Teimpléad i gcomhair Crann Bunchúiseanna

Siomptóm

An Fhadhb

Bunchúis

TOPAIC: DÍDEANAITHE

Eolas Cúlra

Bhí tráma i gceist riamh anall le bheith ag lorg tearmainn agus bíonn a lorg sin le cloisteáil sa cheol. Ba iad sclábhaithe Eabhracha a cuireadh ar deoraíocht sa ré réamh-Chríostaí a chan an luinneog ‘Va Pensiero’ ó ‘Nabucco’ le Verdi, agus tá sé á chanadh ó shin i leith i gcúinsí den sórt céanna sin. Is cuid riachtanach den oideachas saoránachta domhanda é spás a thabhairt do dhídeanaithe chun fáil a bheith acu ar cheol óna gcultúr féin agus ceol a úsáid chun deireadh a chur le bacainní cultúrtha

Gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama

Va Pensiero – Loinneog na Sclábhaithe Eabhracha

Tá an t-amhrán seo ar cheann de na loinneoga is cáiliúla a chum Verdi, agus scríobhadh é in 1836 dá cheoldráma Nabucco. Sa scéal, tá na sclábhaithe Eabhracha ar deoraíocht i dtír iasachta. Is é an loinneog sin guth mhuintir Iúdá agus é á chaoineadh acu gur sclábhaithe iad.

Léiriú ceolchoirme – <https://youtu.be/XttF0vg0MGo>

Léiriú ceoldráma – <https://youtu.be/MBYmhYxEvUM>

Ní haon ionadh é gur canadh an t-amhrán seo ina lán comhthéacsanna inar cuireadh daoine ar deoraíocht. I mí an Mhárta 2022, canadh é amuigh faoin spéir in Odessa, san Úcráin https://youtu.be/Z6itz_6IXSE

Gníomhaíochtaí molta:

- Déan anailís ar an gceol leis an gceol bileoige agus an léiriú féin <https://www.youtube.com/watch?v=kZJxxsfFIOM> nó leis an gcór agus an scór rollach: https://www.youtube.com/watch?v=LQCool_q91k TF 1.12
- Scrúdaigh comhthéacsanna eile inar úsáideadh an píosa ceol seo agus smaoinigh ar an gcúis a raibh tóir ag daoine air riamh anall.

Triúir ceoltóirí a bhí ina ndídeanaithe – a gcuid scéalta:

Rita Ora

Dídeanaí ab ea Rita Ora agus í ina cailín óg. Thaistil sí go dtí an Ríocht Aontaithe lena teaghlach ón gCosaiv ag tús na coimhlinte ansin.

Bhain sí clú agus cáil amach ina dhiaidh sin mar amhránaí, cumadóir amhrán agus aisteoir. In 2015, rinneadh Ambasadóir Oinigh de chuid na Cosaive di. Déanann sí píosa cainte faoina saol féin san agallamh seo: www.youtube.com/watch?v=pGAKxoUVoZs

"Is cuid díom féin mo ghlór. Bealach a bhí ann le héalú ó na rudaí a bhí deacair sa saol. Ba é mo spás sábháilte é."

Tusse Chiza

Tusse Chiza

Is rapálaí Congólach-Sualannach é Tusse Chiza. I bPoblacht Dhaonlathach an Chongó a rugadh é in 2002 agus trí bliana ina dhiaidh sin theith sé ón gcoimhlint a bhí ag réabadh ansin agus scaradh óna thuismitheoirí é ar an mbealach. Chaith sé trí bliana lena aintín i gcampa dídeanaithe in Uganda sula bhfuair sé tearmann sa tSualainn in 2010 ar deireadh thiar thall. Mhair an grá a bhí aige don cheol le linn an chruatain sin go léir agus nuair a bhí sé 15 bliana d'aois bhí sé páirteach i seó tallainne na Sualainne agus in 2019 bhuaigh sé an seó tallainne ceoil 'Idol'.

In 2021, rinne sé ionadaíocht ar son na Sualainne sa chomórtas Eoraifíse leis an amhrán ‘Voices’ <https://youtu.be/5P1uel9j6gk>. Chuidigh an ceol leis an ceann is fearr a fháil ar dheacrachtaí a bhí aige ina shaol <https://www.bbc.com/news/av/newsbeat-57105240>.

Dua Lipa

Is amhránaí agus cumadóir amhrán í Dua Lipa a bhfuil an iomaí gradam buaite aici as a cuid ceoil dioscó-pop. Rugadh í i Londain do thuismitheoirí de bhunadh na Cosaive agus na hAlbáine a theith ón gcoimhlint ina dtír dhúchais. Nuair a bhí sí 11 bhliain d’aois, d’fhill a teaghlach ar an gCosaiv, nuair a bhí rudaí socraithe síos sa réigiún sin. Bhain sí leas as an gcáil mhór atá uirthi chun tacú le páistí ar dídeanaithe iad. In 2019, thug sí cuairt ar champa dídeanaithe sa Liobáin áit ar chas sí le go leor páistí arbh éigean dóibh an baile sa tSiria a fhágáil mar gheall ar an gcoimhlint ansin:

<https://youtu.be/Z-D6gjKKqW4>

“Is rud pearsanta domsa é seo. Theith mo thuismitheoirí ó réigiún ina raibh an cogadh ag réabadh agus rinne siad saol úr dóibh féin in áit nua. Gach duine de na páistí ar dídeanaithe iad a casadh orm, tá thuismitheoirí acu atá díreach cosúil le mo thuismitheoirí féin, a rinne iarracht na cinntí is fearr a d’fhéadfaidís a dhéanamh dá dteaghlach,” arsa Lipa. "Mothaím go bhfuil an t-ádh orm gur tugadh deis domsa, ar duine de theaghlach inimirceach mé, gur rugadh sa Ríocht Aontaithe mé agus go raibh mé in ann an fhís a bhí agam a fhíorú, agus mothaím gur cheart an deis sin a bheith ag gach páiste eile freisin – an deis cur fúthu áit ar féidir leo a bheith faoi bhláth agus barr a gcumais a bhaint amach.”

Dua Lipa

Gníomhaíochtaí molta:

- Scrúdaigh saothar leis na ceoltóirí seo nó ceoltóirí eile a tharraing ar a saol féin agus ar an gcáil atá orthu chun dlúthpháirtíocht le dídeanaithe a léiriú.
- Déan anailís ar an méid a dúirt na ceoltóirí sin agus iad ag caint faoi bheith ina ndídeanaithe. Aimsigh na heochairfhocail ón méid a deir siad. Bain úsáid as na focail sin chun freagairt cheoil a thabhairt ar an saol a bhíonn ag dídeanaí – píosa rap, amhrán nó seinnliosta, mar shampla. *TF 2.2*

An Afganastáin

Is ceoltóir agus file ón Afganastáin é **Dawood Sarkhosh**. Bíonn a chuid ceoil á spreagadh ag an náisiúnachas agus ag an méid a fhulaingíonn sé agus é ar deoraíocht. Is é seo an t-amhrán is cáiliúla dá chuid: ‘Sarzamin I man’ (‘Mo thír dhúchais’) <https://youtu.be/A1fLlu2Oyb0>. In 1998 a chum sé an t-amhrán sin, nuair a d’éalaigh sé ón Afganastáin mar gheall ar an gcogadh cathartha. Sa Phacastáin atá cónaí air anois, lena theaghlach.

I mí Lúnasa 2021, ghlac an Talaban seilbh ar an Afganastáin agus theith na mílte daoine ón tír dá bharr sin.

Agus na sluaite ag imeacht as an tír bhí an t-amhrán seo le cloisteáil go minic mar gur chuir sé in iúl an chaoi ar mhothaigh daoine agus a fhios acu go mb’fhéidir nach bhfeicfidís an tír go brách arís. Rinneadh fístaifeadadh ar an amhránaí Sharafat Parwani, réalta ar chláir theilifíse mhór-éilimh san Afganastáin, agus ‘Sarzamin I man’ á chasadh aige i gcampa dídeanaithe tar éis dó an tír a fhágáil, i ngearrthóg a roinneadh go forleathan ar na meáin shóisialta. I ngearrthóg eile, tá triúr cailíní ag canadh ar rúidbhealach aerfort Chabúl, agus iad ag fanacht lena n-eitilt aslonnaithe. Rinne Afganastánaigh atá ar deoraíocht ar fud an domhain taifeadadh orthu féin ag canadh an amhráin mar agóid i gcoinne an Talaban. Tá faitíos ar go leor daoine go sárófar cearta cultúrtha mar gheall ar réimeas an Talaban. An uair dheireanach a raibh an Talaban i réim, cuireadh cosc ar cheol:

The global music community must help Afghan musicians resist a Taliban music ban

<https://theconversation.com/amp/the-global-music-community-must-help-afghan-musicians-resist-a-taliban-music-ban-167729>

Gníomhaíochtaí molta:

- Aimsigh íomhánna a léiríonn saol an dídeanaí. Roghnaigh píosa ceoil a oireann do na híomhánna sin. *TF 3.6*
- Déan comparáid idir ceol Sarkhosh agus ceol Éireannach ina dtagraítear don náisiúnachas agus don deoraíocht. *TF 1.14*

Tionscnaimh cheoil chun tacú le dídeanaithe sna tíortha seo a leanas:

- Éire
- An India
- An Ríocht Aontaithe
- An tSile

Modheolaíocht OSD

CAIRT CHOMHBHÁ

- Tar éis duit léamh faoi shaol dídeanaithe agus iarrthóirí tearmainn, roghnaigh cuid de na píosaí cheol a ndéantar tagairt dóibh agus bain úsáid astu chun do smaointe féin faoin gceist sin a threorú.
- Agus na scoláirí eagraithe ina ngrúpaí beaga, iarr orthu an chairt chomhbhá a líonadh isteach ar bhonn liricí na n-amhrán.
- Nuair a bheidh siad críochnaithe, iarr orthu na heochairfhocail óna gcairt a aibhsiú agus iad a úsáid chun dán focal a chumadh
- Iarr orthu freagairt cheoil a bhunú ar an dán focal.

1. Smaoinigh: cad a cheapann tú faoin bhfadhb seo? Cad atá ar eolas agat? Bain úsáid as an méid a bhí ar eolas agat cheana faoi seo nó faoi fhadhbanna gaolmhara. Déan an chuid seo leat féin nó le duine eile.		2. Mothúchán: cad a mhothaíonn tú faoin bhfadhb seo? Cén fáth? Déan an chuid seo leat féin nó le duine eile.
	Fadhb	
3. Déan: Má dhéanaimid staidéar ar an bhfadhb seo, cad ba cheart dúinn a dhéanamh? Cén fhoghlaim nó cé na tionscadail a mbeadh spéis mhór agatsa iontu?		4. Abair: Bígí ag comhrá ag bhur mbord. Cad iad na naisc is féidir libh a dhéanamh leis an bhfadhb seo? Déanaigí taifead anseo ar an méid atá le rá agaibh.

Acmhainní chun iniúchadh a dhéanamh ar théamaí an Cheartais Cine, na hImirce agus Dídeanaithe:

- Moltar go mór an acmhainn *Beyond Borders* agus tá sé thar a bheith luachmhar má tá aon cheann de na saincheisteanna seo á fhiosrú – Galway One World Centre
- Tá réimse maith acmhainní oideachais ag Amnesty Ireland agus reáchtálann siad ceardlanna agus imeachtaí iontacha faoi na saincheisteanna seo
<https://www.amnesty.ie/what-we-do/human-rights-education>

TOPAIC: COMHIONANNAS INSCNE

Eolas Cúlra

Is furasta an comhionannas inscne a iniúchadh tríd an gceol mar feicimid láithreach go bhfuil an lámh in uachtair ag na fir i *repertoire* clasaiceach an Iarthair, ó thaobh na cumadóireachta de. Tá roinnt eisceachtaí ann, agus Ethel Smythe, cumadóir ón mBreatain, ina measc. San Afraic Thiar, is seánra é ceol Wassulou inar mná iad formhór na gcumadóirí agus na gceoltóirí. Is iomaí comparáid is féidir a dhéanamh idir ceol ó gach cearn den domhan agus an ról a bhíonn ag inscne. Úsáideadh an t-ardán ceoil arís agus arís eile chun comhionannas inscne a éileamh.

Gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama

Ethel Smythe

Cumadóir ón mBreatain ab ea Ethel Smythe a rugadh in 1858 agus a chum amhrán Ghluaiseacht na Suфраigéidí: ‘The March of the Women’. Cé nár glacadh léi mar gheall ar a hinscne, ba í an chéad bhanchumadóir í ar bronnadh an teideal ‘Dame’ uirthi. Rinne sí staidéar sa Ghearmáin le Dvorak agus Grieg. Dúirt léirmheastóirí faoina cuid ceoil go raibh sé ‘ró-fhearúil do bhanchumadóir’. In 1910, d’éirigh sí as a cuid staidéir chun díriú ar chearta vótála do mhná agus ba in 1911 a chum sí an t-amhrán.

March of the Women <https://www.youtube.com/watch?v=7pvmID2QBB4> nó <https://www.youtube.com/watch?v=PnMjOAxktS0>

Gníomhaíochtaí molta:

- Scríobh liricí nua i gcomhair *March of the Women* chun léargas a thabhairt ar an gcomhionannas inscne ar domhan sa lá atá inniu ann. *TF 2.3*
- Ullmhaigh an rang chun an t-amhrán sin a chanadh.

Ceol Wassulou

Réigiún Wassulou

Is seánra ceoil ón Afraic Thiar é seo agus is mná a bhíonn ag gabháil dó den chuid is mó. Tugann siad ‘éin cheoil’ orthu féin mar go bhfuil an tsaoirse acu chun bheith ag canadh agus iad féin a chur in iúl. Eascraíonn an stíl ó thraidisiúin ghutha agus uirlise an cheantair tuaithe i ndeisceart Mhailí. Clúdaíonn **réigiún Wassulou** Mailí, an tSeineagáil agus an Cósta Eabhair. I measc na gceoltóirí cáiliúla ó Wassulou tá **Sira Mori Diabete** agus **Oumou Sangare**. *Griot*** ó Mhailí ab ea Sira Mori Diabete. Thosaigh sí ag baint clú agus cáil amach sa réigiún faoi thús na 1940idí, go háirithe as ‘Sara’, amhrán léi faoi bhean óg a bhfuil cleamhnas déanta ag a teaghlach di ach tá ag iarraidh an té a bhfuil sí i ngrá leis a phósadh: <https://youtu.be/Fp1hnYUWeA>

Bíonn patrún rithime timthriallach le cloisteáil sna hamhráin sin.

Is é atá i gceist le ‘griot’ lucht siúil ar filí, ceoltóirí agus scéalaithe iad, san Afraic Thiar

1. **Oumou Sangare**, ar a dtugtar ‘Éan Ceoil Wassulou’. Cumann sí a cuid amhrán féin go léir agus bíonn tráchttaireacht ar stádas na mban i gceist lena lán acu, go háirithe maidir le saincheisteanna ar nós pósadh leanaí agus polagamais. Meastar gur ambasadóir ar son Wassulou í. In 2017, chan sí a hamhrán ‘Djoukourou’ (Cosantóir) ag Glastonbury: <https://youtu.be/fVh6f-S0EVM>
Is amhrán é ‘Wassulu Don’ óna halbam ‘Timbuktu’ ó 2022 <https://youtu.be/tulfimCd6JE>. Cuireadh amach an t-amhrán sin i mí an Mhárta ar Lá Idirnáisiúnta na mBan agus déantar mná neamhspleácha ó réigiún Wassulu a cheiliúradh ann.
2. Is triúr deirfiúracha de shliocht Ghánach iad **The Sey Sisters** agus tá cónaí orthu sa Spáinn. Tugann siad éisteoirí ar aistear lán brí ó cheol gaspal go ceol Afracach le hamhráin ina labhraítear amach i gcoinne na héagóra. Ba é ‘Let Freedom Ring’ (2015) an chéad albam a chuir siad amach. Is é ‘Black African Woman’ (2022) an t-albam is déanaí uathu https://youtu.be/Aa2_7fCd-Hs.

Gníomhaíochtaí molta:

- Déan ceolchoirm Oumou Sangare ag Glastonbury a mheas.
- Déan amach cé mhéad sprioc dhomhanda a luaitear sna hamhráin.
- Roghnaigh ceann de na hamhráin a ndéantar tagairt dóibh agus déan comparáid idir é agus amhrán le haon bhean Éireannach. *TF 1.14*

Ábhar breise ar líne:

- Cén fáth a gcumadh a laghad ban ceol?
- Beirt DJ mná a úsáideann an t-ainm: ‘DJ Switch’
- Feimineachas an chine ghoirm – Beyoncé / Chiminanda Ngozi Adichie
- Mná na hÉireann – Éire / Have – Ruanda
- Angelique Kidjo
- Shaking the tree
- Mná na Náisiún Aontaithe

Modheolaíocht OSD

AG CUIDIÚ LÉI LABHAIRT AMACH – CEOL WASSULOU

- Cuir plé ranga ar bun faoin gcomhionannas inscne i gcomhthéacs áitiúil, náisiúnta nó domhanda. Bailigh le chéile samplaí agus eochairfhocail ón bplé sin
- Roinn an rang ina ghrúpaí beaga. Caithfidh gach grúpa sraith ráiteas a scríobh ina ndéantar achoimre ar a bhfuil foghlamtha acu faoi neamhionannas inscne ar domhan i gcomhthéacsanna áitiúla, náisiúnta agus domhanda. Ba chóir go dtosódh gach ráiteas le ‘Táim ag cuidiú léi labhairt amach trí...’

Samplaí:

Táim ag cuidiú léi labhairt amach trína rá libh nach féidir le dóthain cailíní dul ar scoil
Táim ag cuidiú léi labhairt amach trína rá libh nár cheart go bpósfaí cailíní agus iad chomh hóg

- Déan an tionlacan ceoil dó sin mar seo a leanas

Tosaigh le gach duine ag greadadh a gcos – an chos dheas, an chos chlé, an chos dheas, an chos chlé.

Ansin roinn an rang ina thrí ghrúpa leis na rithimí seo a leanas:

Rithim 1

Cuir bualadh bos leis nuair a ghreadann siad a gcos dheas

Rithim 2

Iarr ar ghrúpa 2 bualadh bos a dhéanamh díreach roimh an gcos dheas a ghreadadh agus bualadh bos eile leis an ngreadadh cos

Rithim 3

Iarr ar ghrúpa 3 bualadh bos a bhfuil an rithim ‘damh-án al-la’ aige a dhéanamh ar an mbuille deas

Is féidir uirlisí ceoil a chur leis an rithim mar seo a leanas:

Is féidir an tionlacan a athrú nuair a bheidh an rithim faoi lánseol agaibh. D’fhéadfadh na scoláirí triail a bhaint as bealaí éagsúla chun an rithim, an tuinairde, an dinimic, an tondath nó an mothú a athrú

Nuair a bheidh an patrún timthriallach ina cheart agaibh, cuirigí i láthair an píosa ceoil trí iarraidh ar dhaoine éagsúla, ar a seal féin, frásaí a ghlaoch amach os cionn na rithime, mar a dhéantar i dtraidisiún Wassulou

Curtha in oiriúint ó: <https://policy-practice.oxfam.org/resources/raising-her-voice-explore-the-power-of-music-with-this-teaching-resource-for-ag-620686/>

FREAGAIRT TRÍ MHEÁIN AN CHEOIL

Is féidir na 6 ghníomhaíocht cheoil seo a chur i bhfeidhm chun freagairt a thabhairt ar aon ábhar atá bunaithe ar Thorthaí Foghlama na Sraithe Sóisearaí:

1. Cum píosa rap nó ceoilín. *TF 2.2, 3.4*
 - Déan babhta smaointeoireachta faoi eochairfhocail agus frásaí agus grúpáil na focail agus na frásaí sin le chéile chun liricí a chumadh
 - Le bualadh bos nó cliceáil méar, cuir rithim ar bun. Abair amach na liricí cúpla uair chun rithim na bhfocal a dhéanamh amach
 - Cuir na liricí agus an rithim le chéile ionas go mbeidh píosa rap agat
2. Cum amhrán nó píosa ceoil uirlise. *TF 1.2. 2.6*
 - Roghnaigh an mothúchán is fearr a oireann don topaic
 - Roghnaigh eilimintí ceoil atá ag teacht leis an mothúchán sin
 - Cum liricí a oireann don topaic / Roghnaigh an uirlis is oiriúnaí don teachtaireacht
 - Déan amach rithim na bhfocal / Oibrigh amach réimniú ó chorda go corda agus fonn a bheidh ag teacht leis
3. Aimsigh sleachta ceoil a oireann don topaic agus cuir in oiriúint dó iad. *TF 2.3, 2.7, 3.6.*
4. Cuir le chéile seinnliosta ceoil faoin topaic. *TF 3.1*
5. Smaoinigh ar amhráin agus ar cheoltóirí a bhfuil teachtaireachtaí acu faoin topaic seo. *TF 3.5*
6. Déan staidéar ar na stíleanna ceoil éagsúla a léirítear sa scoil. *TF 1.10*

Conas tabhairt faoin dianfhiosrú

1. Iarr ar na scoláirí na liricí a léamh nó éisteacht leo
2. Fiafraigh díobh an dteastaíonn uathu go míneofa aon liricí dóibh
3. Roinn an rang ina ghrúpaí nó i mbeirteanna. Tabhair véarsa do gach grúpa le hanailís a dhéanamh air mar seo a leanas:
 - Féach céard iad na heochairfhocail
 - Cuardaigh íomhánna agus siombailí
 - Pléigh an scéal atá á insint ag an amhránaí
 - Tabhair aiseolas don rang ar fad

Déanaigí plé ranga ar chuid de na ceisteanna seo a leanas:

- Cén tsaincheist a mbaineann an t-amhrán seo leis?
- An bhfuil aon steiréitíopaí á neartú ag an amhrán seo?
- An bhfuil dearcthaí éagsúla le feiceáil anseo?
- An spreagadh an t-amhrán seo dlúthpháirtíocht?
- An bhfuil cumhacht agus éagothroime le feiceáil anseo?
- Cé acu a bhfuil an chumhacht sa chás seo?
- Cad atá cóir/éagórach sa chás seo?
- Cén gníomh a spreagadh an t-amhrán seo?
- Cén chaoi a n-airíonn sibh agus sibh ag éisteacht leis an amhrán seo?
- Cén sprioc dhomhanda is féidir a nascadh leis an amhrán seo?

Gníomhaíochtaí breise:

- Déan taighde ar chúltra an duine nó na ndaoine a chum an t-amhrán agus ar an rud a spreag iad.
- Cuir teachtaireacht an amhráin i láthair ar bhealach eile – colláis íomhánna, tuairisc nuachta, plé painéil, rólghlacadh nó pictiúir reoite de na gíotaí is tábhachtaí.
- Cuir véarsa eile leis an amhrán a bhaineann leis an tsaincheist seo sa lá atá inniu ann .

Bunaithe ar acmhainn WWGS faoin Uirlis Dianfhiosraithe –

<https://www.worldwiseschools.ie/resource-item/the-digging-deeper-tool/>

BILEOGA OIBRE GINEARÁLTA

Bileog Oibre 1 – anailís a dhéanamh ar amhrán

Ainm an Amhráin _____	
Cumadóir/Amhránaí _____	
AN CEOL:	
Cén mothúchán a léirítear sa cheol	Déan cur síos ar an bhfonn
Cén luas a oireann dó?	An mórghléas nó mionghléas atá i gceist?
Déan cur síos ar an rithim	Tá an t-amhrán seo á chasadh ag:
Struchtúr na gcordaí:	
Tarraing scór grafach den churfá.	
AN TEACHTAIREACHT:	
Déan taighde go bhfeicfidh tú céard é teachtaireacht an amhráin**	
Cén fáth, dar leat, ar cumadh an t-amhrán seo?	
An bhfuil sé ábhartha go fóill?	
An féidir leat nasc a dhéanamh idir é agus Sprioc Dhomhanda? Cén rud éagórach nó cén neamhionannas a bhfuitear ag triail feasacht a mhúscailt faoi?	

An ndéanann an t-amhrán seo aon cheann díobh seo a leanas? Mínigh do rogha thíos
Dlúthpháirtíocht a spreagadh. Cur i gcoinne steiréitíopaí. Neamhionannas a aithint.
Daoine a spreagadh chun gnímh

**** Bain úsáid as www.lyricinterpretations.com**

Bileog Oibre 2

Déan comparáid idir 2 píosa ceoil/amhrán

Píosa ceoil:

Ceoltóir nó amhránaí:

Píosa 1

Píosa 2

Mothúchán

Dinimic

Luas

Tonúlacht

Uigeacht

Tionlacan

Léiriú

Teachtaireacht

Cén píosa a bhfuil an teachtaireacht is láidre aige agus cén fáth a gceapann tú sin**?

I do fhreagra, smaoinigh ar cé chomh maith agus a pléadh an tsaincheist, agus cén chaoi a n-éiríonn leis an amhrán ó thaobh dlúthpháirtíocht a spreagadh. An spreagfadh an t-amhrán seo thú chun gníomh a dhéanamh a bhaineann leis an tsaincheist nó leis an bhfadhb seo?

Bileog Oibre 3

Déan comparáid idir dhá leagan éagsúla d'amhrán

Amhrán

An duine a chas an bunleagan

Teachtaireacht*

Leagan 1

Leagan 2

Amhránaí

Dáta

Comhthéacs

Mothúchán

Luas

Dinimic

Léiriú

Roghnaigh cén leagan den amhrán is fearr a chuireann teachtaireacht na liricí in iúl agus mínigh do rogha:

** Bain úsáid as www.lyricinterpretations.com

Bileog Oibre 4

Déan físeán nó léiriú ceoil a mheas

Ceol: (Mothúchán, luas, dinimic, stíl)	Cur i láthair: (Na ceoltóirí, an suíomh, an gcabhraíonn sé le teachtaireacht an amhráin?)
Teachttaireacht: (An tsaincheist dhomhanda atá á plé)	Achainí: (An bhfuil an teachtaireacht soiléir? An spreagann an ceol seo dlúthpháirtíocht?)

Eolas Breise

Tá ábhar oiliúna taifeadta faoi OSD sa Cheol don tSraith Shóisearach agus don tSraith Shinsearach, mar aon le hacmhainní ceoil eile agus ábhar breise a luaitear san acmhainn seo, le fáil ag <https://www.worldwiseschools.ie/resource-item/music>

Suíomhanna gréasáin úsáideacha eile:

- www.playingforchange.com
- www.developmenteducation.ie
- www.youth.ie/programmes/global-youth-work-and-development-education/
- www.financialjusticeireland.ie
- www.afri.ie

- www.globaldimension.co.uk

Ba mhaith le Worldwide Global Schools buíochas a ghabháil le Kathryn Moore as an acmhainn seo a chur le chéile, le Shauna Keyes, Scoil Phobail Bhaile an Bhlácaigh agus le Miriam Kehoe ó Ardscoil St Louis as an gcúnamh a thug siad dúinn.

Eagarthóireacht agus ábhar – Lizzy Noone

Tá WorldWise Global Schools buíoch as an gcúnamh agus an tacaíocht a fuair sé ón tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí agus an acmhainn seo á cur le chéile aige.

WorldWise Global Schools (WWGS)

Is é WorldWise Global Schools an clár náisiúnta faoina dtacaítear leis an Oideachas Forbartha ar an leibhéal iar-bhunscoile. Is ann a gheofar maoiniú, acmhainní agus treoir d'iar-bhunscoileanna chun dul i mbun an Oideachais Forbartha. Tionscnamh de chuid Chúnamh Éireann (clár Rialtas na hÉireann don chomhar forbartha thar lear) is ea é. Tá clár WorldWise Global Schools á chur i bhfeidhm faoi láthair ag cuibhreannas ina bhfuil Self Help Africa, Concern Worldwide agus an tAonad um Fhorbairt Curaclaim de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath.

Gradam an Phas Dhomhanda

CAD É AN PAS DOMHANDA?

Is comhartha cáilíochta i réimse an Oideachais Forbartha é Gradam an Phas Dhomhanda, agus is creat é do scoileanna ionas gur féidir leo an t-oideachas saoránachta domhanda a chomhtháthú sa mhúineadh agus san fhoghlaim.

Creidiúnú féinmheasúnaithe maidir leis an Oideachas Forbartha atá i gceist leis, a ndéantar iniúchadh seachtrach air agus atá ar oscailt do gach iar-bhunscoil i bPoblacht na hÉireann.

CÉN TAIRBHE ATÁ LE BAINN AS?

- Comhartha cáilíochta don scoil san Oideachas Forbartha, a ndéantar iniúchadh seachtrach air
- Bailíochtú a dhéanamh ar an obair atá ar bun ag an scoil san Oideachas Forbartha, agus aitheantas don obair sin

- Spás do na scoláirí chun saincheistanna áitiúla agus saincheistanna domhanda a scrúdú agus aghaidh a thabhairt orthu
- An deis cur le hiomrá na scoile tríd an Oideachas Forbartha a chur i láthair agus a cheiliúradh

CÉARD ATÁ I gCEIST?

Féachfaidh sibh ar leibhéal gníomhaíochta na scoile san Oideachas Forbartha i sé chatagóir (Stampaí an Phas Dhomhanda) agus tabharfaidh sibh samplaí den obair atá ar bun agaibh i ngach réimse díobh sin. Beidh an Pas Domhanda (a bhfuil trí chineál díobh ann) a bhronnfar oraibh ag brath ar an scór iomlán a bhainfear amach i ngach ceann de na 6 stampaí.

CÉARD IAD NA TACAÍOCHTAÍ ATÁ AR FÁIL?

Tá tacaíocht ar fáil ó WWGS chun cuidiú le scoileanna an Pas Domhanda a bhaint amach:

- Ceardlanna agus cuairteanna tacaíochta
- Tacaíocht ar an teileafón agus ar an ríomhphost
- Acmhainní, teoracha agus samplaí praiticiúla atá curtha in oiriúint do gach ceann de na stampaí

GRADAIM

Tá trí chineál éagsúla Pas Dhomhanda ar féidir libh iarratas a dhéanamh orthu ag brath ar leibhéal rannpháirtíochta na scoile leis an Oideachas Saoránachta Domhanda:

[Pas na Saoránach](#)

lena n-aghaidh siúd atá ag tosú ar an rannpháirtíocht le OSD

[Pas Taidhleoireachta](#)

i gcomhair rannpháirtíocht sheanbhunaithe le OSD

[Pas Speisialta](#)

i gcomhair rannpháirtíocht den chéad scoth le OSD

CONAS IARRATAS A CHUR ISTEACH

I gcomhair tuilleadh eolais nó chun bheith páirteach sa scéim, cláraigh linn ar líne ag www.worldwiseschools.ie nó seol ríomhphost chuig global.passport@worldwiseschools.ie

Le haghaidh tuilleadh eolais faoi WorldWise Global Schools agus faoi na deiseanna atá ann do scoláirí, múinteoirí agus scoileanna chun gabháil don Oideachas Saoránachta Domhanda – go háirithe conas iarratas a dhéanamh ar an ngradam scoile, an Pas Domhanda – téigh go dtí an suíomh gréasáin <http://www.worldwiseschools.ie>

Le haghaidh acmhainní agus smaointe breise a bhaineann le OSD lena n-úsáid i ranganna ceoil, tabhair cuairt ar developmenteducation.ie – bunachar sonraí téamacha inchuadaithe ina bhfuil ábhar ranga don Oideachas Forbartha agus OSD ó bhlianta na luath-óige ar aghaidh. Tá acmhainní ann atá dírithe ar churaclaim éagsúla agus ar aoisghrúpaí éagsúla.

Déan teagmháil le foireann WorldWise Global Schools

Tá foireann WorldWise Global Schools ar fáil chun comhairle a chur oraibh agus treoir, oiliúint agus acmhainní a chur ar fáil faoin Oideachas Forbartha in iar-bhunscoileanna na hÉireann.

WorldWise Global Schools, Teach Dhroichead an Rí, 17-22 Sráid Gheata na Páirce,
Baile Átha Cliath 8

www.worldwiseschools.ie | Ríomhphost info@worldwiseschools.ie | Teil. 01 685 2078

Is é WorldWise Global Schools an clár náisiúnta faoina dtacaítear leis an Oideachas Forbartha ar an leibhéal iar-bhunscoile. Tionscnamh de chuid Chúnamh Éireann (clár Rialtas na hÉireann don fhorbairt thar lear) is ea é. Is ann a gheofar maoiniú, acmhainní agus treoir d'iar-bhunscoileanna chun dul i mbun an Oideachais Forbartha. Tá clár WorldWise Global Schools á chur i bhfeidhm faoi láthair ag cuibhreannas ina bhfuil Gorta-Self Help Africa, Concern Worldwide agus an tAonad um Fhorbairt Curaclaim de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath.